Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Márta 2023**
**(OR. en)**

**6792/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0052(COD)**

**TRANS 72**
**JAI 207**
**DAPIX 1**
**ENFOPOL 81**
**CODEC 250**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 126 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 126 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 126 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.3.2023
COM(2023) 126 final

2023/0052 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2023) 351 final} - {SWD(2023) 126 final} - {SWD(2023) 127 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Gabhann an meabhrán míniúcháin seo leis an togra le haghaidh treoir lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 maidir le malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a éascú[1] (dá ngairtear 'Treoir CBE' anseo feasta).

Tá feabhas nach beag tagtha ar shábháilteacht ar bhóithre san Aontas le 20 bliain anuas. Tá laghdú 61,5 % tagtha ar líon na mbásanna ar na bóithre, ó thart ar 51 400 duine in 2001 go dtí thart ar 19 800 duine in 2021. Mar sin féin, ní raibh an feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre láidir go leor chun uaillmhian pholaitiúil an Aontais a bhaint amach chun líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú 50 % idir 2001 agus 2010, agus 50 % breise idir 2011 agus 2020 (i.e. laghdú 75 % idir 2001 agus 2020), uaillmhian a eascraíonn as roinnt doiciméad straitéiseach a d'eisigh an Coimisiún le 20 bliain anuas, amhail an *Páipéar Bán maidir le Beartas Iompair Eorpach le haghaidh 2010*[2], nó an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '*Towards a European road safety area: policy orientations on road safety 2011-2020*' ['I dtreo limistéir Eorpaigh sábháilteachta ar bhóithre: treoshuíomhanna beartas maidir le sábháilteacht ar bhóithre 2011-2020'][3]. Maidir le líon na mbásanna ar bhóithre a tuairiscíodh in 2020, is é sin 18,800 bás, bhí sé sin fós i bhfad os cionn an spriocluacha, d'ainneoin laghdú suntasach bliantúil a bhí níos mó ná 17 % faoi bhun líon comhfhreagrach na mbásanna ar bhóithre in 2019, ar laghdú é sin ar a raibh tionchar mór ag laghdú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar mhéideanna tráchta ar bhóithre tar éis phaindéim COVID-19[4].

Sna blianta roimh 2020, is ar éigean a tháinig laghdú ar líon na mbásanna ar na bóithre. Mar gheall ar an moilliú sin, a tharla thart ar 2014, spreagadh airí iompair an Aontais dearbhú aireachta a eisiúint maidir le sábháilteacht ar bhóithre ag cruinniú neamhfhoirmiúil den Chomhairle iompair i Vaileite i mí an Mhárta 2017[5]. Sa dearbhú sin, d'iarr na Ballstáit ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí creat dlíthiúil an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre a neartú chun an treocht mharbhánta sin a aisiompú.

I mí an Mheithimh 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún *Creat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 — Na chéad chéimeanna eile i dtreo 'Fís Nialais'*[6]. Sa chreat sin, mhol an Coimisiún spriocanna eatramhacha nua chun líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre a laghdú 50 % idir 2020 agus 2030, mar a moladh i nDearbhú Vaileite. Bhunaigh an Coimisiún an creat beartais sin ar 'Chur Chuige an Chórais Shábháilte', mar a thugtar air, ina meastar gur féidir bás agus gortú tromchúiseach in imbhuailtí bóthair a chosc den chuid is mó, cé go dtarlóidh imbhuailtí ó uair go chéile. Tá forfheidhmiú trasteorann cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ar cheann de phríomhcholúin an chórais toisc go laghdaíonn sé saoirse tiománaithe eachtracha ó phionós.

---

1 IO L 68, 13.3.2015, lch. 9

2 COM(2001) 370 final

3 COM(2010) 389 final

4 Le linn na chéad dianghlasála i mí Aibreáin 2020, thuairiscigh Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC) laghdú 70-85 % ar an méid tráchta i gcathracha móra na hEorpa (https://etsc.eu/covid-19-huge-drop-in-traffic-in-europe-but-impact-on-road-deaths-unclear/)

5 Féach: https://eumos.eu/wp-content/uploads/2017/07/Valletta_Declaration_on_Improving_Road_Safety.pdf; i mí an Mheithimh 2017, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le sábháilteacht ar bhóithre lena bhformhuinítear Dearbhú Vaileite (féach doiciméad 9994/17).

6 SWD(2019) 283 final

Leis an *Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste*[7] in 2020, leagadh síos an gharsprioc maidir le líon na mbásanna i gcás gach modh iompair san Aontas a laghdú go geall le nialas faoi 2050 agus fógraíodh an t-athbhreithniú ar Threoir CBE faoi Thionscnamh Suaitheanta 10 *'Sábháilteacht agus slándáil iompair a fheabhsú'*. Ina dhiaidh sin, cuireadh an tionscnamh seo isteach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Clár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2022 (tionscnaimh REFIT), faoin gceannteideal *'Ugach Nua do Dhaonlathas na hEorpa'*[8].

Rud atá tábhachtach, ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le Creat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030[9] i mí Dheireadh Fómhair 2021. Cé go n-aithníonn an Pharlaimint an dul chun cinn atá déanta, d'iarr sí ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir CBE, ós rud é leis an gcreat atá ann cheana *'(...) nach n-áirithítear go ndéanfar imscrúdú ar na cionta chun pionóis a fhorfheidhmiú (...)'*.

Cuireann an tionscnamh seo le Treoir CBE atá i bhfeidhm faoi láthair (1) lenar bunaíodh malartú leictreonach sonraí clárúcháin feithicle idir na Ballstáit trí phointí teagmhála náisiúnta ainmnithe, rud atá ina chuidiú le húinéir/sealbhóir na feithicle atá cláraithe ar an gcoigríoch lena ndearnadh an cion a shainaithint; (2) lenar sonraíodh gurb é an Córas Eorpach Faisnéise maidir le Feithiclí agus Ceadúnais Tiomána (EUCARIS) an t-ardán TF is fearr chun sonraí clárúcháin feithicle a mhalartú go leictreonach; (3) a cuireadh i bhfeidhm sa chleachtas go príomha maidir le cásanna trasteorann ina mbraitear na cionta go cianda le trealamh braite uathoibríoch nó láimhe, ceamaraí den chuid is mó (i.e. gan an fheithicil a stopadh agus/nó an tiománaí a shainaithint ar an láthair); (4) lenar cumhdaíodh ocht gcion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre: tiomáint ar róluas, loiceadh crios sábhála a úsáid, loiceadh stopadh ag solas tráchta dearg, tiomáint faoi thionchar an óil, tiomáint faoi thionchar drugaí, loiceadh clogad sábháilteachta a chaitheamh, úsáid neamhdhleathach a bhaint as fón póca nó aon ghléas cumarsáide eile le linn tiomána; (5) lenar cinneadh an chaoi ar cheart an cion a chur in iúl don duine lena mbaineann, lena n-áirítear an córas teanga — cuireadh teimpléad (neamhéigeantach) ar fáil léi freisin chun an litir faisnéise a sheoladh; (6) lenar ardaíodh feasacht na saoránach trí cheangal a chur ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na rialacha tráchta maidir le sábháilteachta ar bhóithre atá i bhfeidhm agus iad a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin i ngach teanga oifigiúil[10].

Measadh sa mheasúnú tionchair[11] a ghabhann leis an gcéad togra le haghaidh Threoir CBE 2008 gur thart ar 5 % den trácht ar bhóithre san Aontas a bhí i gceist le tiománaithe neamhchónaitheacha (i dtéarmaí feithiclí in aghaidh an chiliméadair) ach go ndearna siad thart ar 15 % de chionta róluais. Dá bhrí sin, is mó an seans go ndéanfaidh siad cionta róluais ná tiománaithe cónaitheacha. Ceann amháin de na cúiseanna sainaitheanta leis sin is ea gur mheas neamhchónaitheoirí gur lú an seans go ngearrfaí smachtbhannaí orthu agus iad ag tiomáint i mBallstát nach raibh cónaí orthu ann agus gur lú an seans go dtabharfaí caingean bhreithiúnach ina n-aghaidh mura n-íocfaidís fíneálacha arna bhforchur ag údaráis eachtracha. Cé go raibh Treoir CBE ina cuidiú le *anaithnideacht* ciontóirí eachtracha a bhaint trí líon na gcásanna trasteorann a imscrúdaíodh a mhéadú go mór, tá sé cruthaithe freisin go bhfuil teorainn léi ós rud é nár leordhóthanach an éifeacht dhíspreagthach a bhí aici chun deireadh a chur le *saoirse* na gciontóirí ó phionós.

7 COM(2020) 789 final
8 Tionscnamh Uimh. 26 in Iarscríbhinn II a ghabhann le COM(2021) 645 final
9 P9_TA(2021)0407 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0407_EN.pdf
10 Suíomh gréasáin an Choimisiúin 'Going Abroad': https://ec.europa.eu/transport/road_safety/going_abroad/index_en.htm
11 SEC(2008) 351.

Is é is aidhm don tionscnamh seo an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú a thuilleadh trí raon feidhme Threoir CBE a leathnú chun cionta tráchta eile a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chumhdach agus tríd an imscrúdú ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a dhéantar ar an gcoigríoch a chuíchóiriú, agus ar an gcaoi sin forfheidhmiú trasteorann smachtbhannaí a éascú. Tá sé d'aidhm aige freisin feabhas a chur ar chosaint ceart bunúsach tiománaithe neamhchónaitheacha. Is iad seo a leanas na cuspóirí chun leas iomlán a bhaint as an Treoir:

1. <u>Comhlíontacht tiománaithe neamhchónaitheacha le rialacha tráchta breise a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú</u>: Bíonn ról ag iompraíocht chontúirteach i líon mór básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre. Tá sé ríthábhachtach iompraíocht chontúirteach den sórt sin a chosc trí raon feidhme Threoir CBE a leathnú chun cionta eile a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chumhdach, agus ar an gcaoi sin saoirse ó phionós a laghdú. I gcás nach féidir le Ballstáit pionós a ghearradh go héifeachtach ar chiontóirí arb as Ballstáit eile dóibh chun cóir chomhionann idir tiománaithe cónaitheacha agus neamhchónaitheacha a áirithiú, laghdaíonn sé sin go mór inchreidteacht na n-iarrachtaí forfheidhmiúcháin.

2. Nósanna imeachta um chúnamh frithpháirteach a chuíchóiriú idir na Ballstáit maidir leis an imscrúdú trasteorann ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre: Sa mheastóireacht ar Threoir CBE 2016[12], sainaithníodh na príomhchúiseanna seo a leanas a chuireann cosc ar cheartas a chur i bhfeidhm maidir le ciontóirí neamhchónaitheacha: (1) níor imscrúdaíodh thart ar leath de na cionta tráchta bóthair a braitheadh a rinne neamhchónaitheoirí; (2) níor forfheidhmíodh thart ar leath de na pionóis airgeadais le haghaidh na gcionta tráchta bóthair sin a imscrúdaíodh; (3) níor forfheidhmíodh beagnach gach cion inar dhiúltaigh ciontóirí pionóis airgeadais a íoc - ba íocaíochtaí deonacha a bhí i gceist go bunúsach leis na pionóis a forfheidhmíodh go rathúil. Bhí na príomhchúiseanna leis na heasnaimh a sainaithníodh anásta, fadálach, agus, dá bhrí sin, bhí easpa cúnaimh fhrithpháirtigh agus comhair idir na Ballstáit ag baint leo chun imscrúdú a dhéanamh ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, agus bhí easnaimh ann maidir le forfheidhmiú smachtbhannaí tar éis sonraí clárúcháin feithicle a mhalartú, go háirithe i gcásanna ina mbíonn feidhm ag córais éagsúla um dliteanas dlíthiúil.

3. Cosaint ceart bunúsach ciontóirí neamhchónaitheacha a neartú, lena n-áirítear ailíniú le rialacha nua an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta: Fuair an Coimisiún roinnt gearán ó shaoránaigh maidir le cearta bunúsacha a urramú (i.e. nach bhfuiltear á n-urramú), go háirithe a mhéid a bhaineann le hachomhairc in aghaidh cionta tráchta bóthair a líomhnaítear a rinneadh ar an gcoigríoch (go háirithe argóintí i dtaca le faisnéis atá ar iarraidh nó atá doiléir maidir le nósanna imeachta achomhairc), fianaise a bheith ar iarraidh, sprioc-amanna éagsúla a bheith ann le haghaidh neamhchónaitheoirí agus cónaitheoirí maidir le seachadadh fógraí pionóis/litreacha faisnéise, seirbheáil easnamhach doiciméad, lena n-áirítear aistriúcháin in easnamh agus fadhbanna i ndáil le rochtain a fháil ar fhaisnéis shonrach maidir le cionta a rinneadh agus bealaí chun pionóis airgeadais a réiteach. Agus an meall mór ar deireadh, áirithítear leis an togra ailíniú le dlí nua an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta[13], a glacadh idir an dá linn.

---

[12] SWD(2016) 355 final

[13] Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119,

Cuirtear faisnéis níos mionsonraithe i láthair i gCaibidil 3 den mheabhrán míniúcháin seo maidir leis an gcaoi a dtugtar aghaidh, trí bhíthin an tionscnaimh, ar na cuspóirí thuasluaite agus ar na fadhbanna a bhaineann leo.

Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú i dtaca le forfheidhmiú trasteorann rialacha maidir le trácht ar bhóithre, bunaítear pacáiste caibidlíochta, ina bhfuil trí thionscnamh – chomh maith leis an togra seo le haghaidh treoir lena leasaítear Treoir CBE, tá togra ann freisin le haghaidh treoir nua maidir le ceadúnais tiomána (a chuirfí in ionad Threoir 2006/126/CE maidir le ceadúnais tiomána[14] (an 'Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána')) agus togra le haghaidh Treoir nua ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin áirithe ón tiomáint.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an t-athbhreithniú atá beartaithe ar Threoir CBE comhsheasmhach le reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Leis an athbhreithniú sin (1) déantar tagairt do Threoir 1999/37/CE ón gComhairle maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí[15] i ndáil le haicmiú eilimintí sonraí clárúcháin feithicle; (2) leathnaítear raon feidhme Threoir CBE chun go gcumhdófar an cion maidir le feithicil ró-ualaithe a úsáid agus, dá bhrí sin, beidh dlúthnasc aici le cur i bhfeidhm Threoir 96/53/CE ón gComhairle maidir le meáchain údaraithe uasta agus toisí údaraithe uasta feithiclí áirithe[16]; (3) comhlánaítear an Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána trí úsáid sonraí pearsanta ó chláir ceadúnas tiomána a cheadú chun imscrúdú trasteorann a dhéanamh ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, ciontóirí a chur ar an eolas faoi smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm a dhéanann difear dá gceart feithicil a thiomáint agus an duine atá faoi dhliteanas i leith cionta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a shainaithint.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá tacar ionstraimí dlíthiúla níos leithne agus tionscnaimh leanúnacha ann cheana ar leibhéal an Aontais, go háirithe i réimse an chomhair póilíneachta agus ceartais, nach mór a chur san áireamh i ndáil leis an tionscnamh seo, cuir i gcás nósanna imeachta imscrúdaithe trasteorann atá i bhfeidhm faoi láthair faoin gCoinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh[17], faoin Ordú Imscrúdaithe Eorpach[18] agus faoi Chinntí Prüm a bhfuil athbhreithniú á ndéanamh orthu faoi láthair[19]. Mar sin féin, déantar foráil sa togra seo maidir le nósanna imeachta sonracha simplithe agus digitithe atá dírithe ar an duine atá faoi dhliteanas i leith cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus ar nósanna imeachta chun doiciméid a sheirbheáil, ar nósanna imeachta iad atá de mhaolú ar na gníomhartha dlíthiúla thuasluaite chun na milliúin cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar

---

4.5.2016, lch. 1) agus Treoir (AE) 2016/680 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

14 IO L 403, 30.12.2006, lch. 18

15 IO L 138, 1.6.1999, lch. 57

16 Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).

17 Gníomh ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 lena mbunaítear, i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO C 197, 12.7.2000, lch. 1).

18 Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

19 COM(2021) 784 final

bhóithre a bhraitear go huathoibríoch agus a cháilítear mar chionta riaracháin go minic a éascú. Mar a dhéantar leis an leagan de Threoir CBE atá i bhfeidhm faoi láthair, leis an togra coinnítear naisc láidre le Cinneadh Réime 2005/214/CGB[20], go háirithe i gcás neamhíocaíocht pionóis airgeadais. Cuirtear chun cinn ann cur i bhfeidhm éifeachtach an Chinnidh Réime trí fheabhas a chur ar shainaithint na ndaoine atá faoi dhliteanas i leith na gcionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus ar chosaint ceart bunúsach tiománaithe neamhchónaitheacha.

Déantar tagairt sa togra seo freisin do (1) Rialachán (AE) 910/2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart[21] chun éifeacht dhlíthiúil agus inghlacthacht na litreach faisnéise agus na ndoiciméad leantach a sheoltar agus a fhaightear trí úsáid a bhaint as ríomhsheirbhís seachadta chláraithe a áirithiú; (2) Treoir 2010/64/AE maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla[22] chun cáilíocht chaighdeánach an aistriúcháin ar an litir faisnéise agus ar na doiciméid leantacha a áirithiú agus chun a áirithiú nach ndéanfar difear d'imeachtaí coiriúla lena n-éilítear ráthaíochtaí sonracha do na daoine aonair lena mbaineann, do na coimircí nós imeachta do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine atá cúisithe, mar gheall ar chur chun feidhme Threoir CBE athbhreithnithe; (3) Treoir (AE) 2022/2555 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais[23] chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis a mhalartú maidir le teagmhais chibearshlándála arna dtuairisciú i gcás ina stóráiltear sonraí pearsanta próiseáilte trí úsáid a bhaint as néalta nó as seirbhísí néal-óstála; (4) Rialachán (AE) 2018/1724 maidir le pointe rochtana aonair digiteach[24] chun comhoiriúnacht na tairsí digití tiomnaithe dá dtagraítear i gCaibidil 4 den mheabhrán míniúcháin seo agus comhoiriúnacht na tairsí 'An Eoraip Agatsa' de chuid an Choimisiúin a áirithiú; (5) Treoracha 2012/13/AE[25], 2013/48/AE[26], (AE) 2016/343[27], (AE) 2016/800[28], (AE)

[20] Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar phionóis airgeadais (IO L 76, 22.3.2005, lch. 16).

[21] Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

[22] Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

[23] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

[24] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

[25] Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

[26] Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart chun dlíodóir a fháil in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

[27] Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

[28] Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi drochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

2016/1919[29] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun a áirithiú nach ndéanfar difear d'imeachtaí coiriúla lena n-éilítear ráthaíochtaí sonracha do na daoine aonair lena mbaineann agus do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí an Aontais[30], do na coimircí nós imeachta do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine atá cúisithe, mar gheall ar chur chun feidhme Threoir CBE athbhreithnithe.

Mar atá luaite i gcuspóirí an tionscnaimh seo, rinneadh athchóiriú ar dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. Go háirithe, glacadh Treoir (AE) 2016/680 (an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i Réimse Fhorfheidhmiú an Dlí – LED) agus tháinig sí i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2016. Le hAirteagal 62(6) de LED, ceanglaíodh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh, faoin 6 Bealtaine 2019, ar ghníomhartha dlí eile an Aontais lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta údarás inniúil chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, chun measúnú a dhéanamh ar an ngá lena n-ailíniú le LED agus, i gcás inarb iomchuí, chun tograí a dhéanamh lena leasú chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir le cosaint sonraí pearsanta laistigh de raon feidhme LED. In 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún torthaí a athbhreithnithe i dTeachtaireacht[31], ina sonraítear deich ngníomh dlí, lena n-áirítear Treoir CBE, ar cheart iad a ailíniú le LED agus le tráthchlár chun é sin a dhéanamh. Áirithítear leis an tionscnamh seo, dá bhrí sin, ailíniú le LED, go háirithe trína shoiléiriú go bhfuil feidhm ag LED maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs Threoir CBE.

Thairis sin, maidir le digitiú na nósanna imeachta imscrúdaithe trasteorann atá ann cheana agus na réiteach TF dá bhforáiltear sa togra le haghaidh Rialachán maidir leis an gcomhar breithiúnach agus an rochtain ar cheartas a dhigitiú in ábhair shibhialta, tráchtála agus choiriúla trasteorann[32], arb é is aidhm dó stiúradh nósanna imeachta a éascú agus deacrachtaí praiticiúla maidir le rochtain éifeachtach thrédhearcach daoine nádúrtha agus dlítheanacha ar cheartas a laghdú, ní mór iad a chur san áireamh i ndigitiú na nósanna imeachta leantacha faoin togra seo trí ghníomhartha cur chun feidhme chun comhoiriúnacht na gcóras atá le cur i bhfeidhm a áirithiú. Ba cheart na réitigh dhigiteacha atá le bunú leis na gníomhartha cur chun feidhme faoin togra seo a ailíniú freisin leis na ceanglais idir-inoibritheachta trasteorann le haghaidh seirbhísí poiblí digiteacha a leagtar síos sa togra le haghaidh Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach[33] lena bhfeabhsaítear idir-inoibritheacht trasteorann san earnáil phoiblí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Glacadh Treoir CBE ar dtús ar bhunús dlí Airteagal 87(2) CFAE[34] – bunús dlí an chomhair póilíneachta lenar ceadaíodh don Ríocht Aontaithe, don Danmhairg agus d'Éirinn gan an Treoir a chur i bhfeidhm. Le Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 6 Bealtaine 2014 i gCás C-

---

[29] Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

[30] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

[31] COM(2020) 262 final

[32] COM(2021) 759 final

[33] COM(2022) 720 final

[34] Treoir 2011/82/AE lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (IO L 288, 5.11.2011, lch. 1).

43/12[35], cuireadh an Treoir seo ar neamhní, ós rud é nárbh fhéidir í a ghlacadh ar bhunús dlí an chomhair póilíneachta, agus gur cheart, ina ionad sin, an Treoir a ghlacadh ar bhonn Airteagal 91(1)(c) CFAE, ar bunús dlí iompair é, mar a mhol an Coimisiún ar dtús. Glacadh an Treoir nua agus an Treoir atá ann faoi láthair an 11 Márta 2015 leis an mbunús dlí modhnaithe, gan aon leasú a dhéanamh ar shubstaint na Treorach a cuireadh ar neamhní agus na Ballstáit uile á gcumhdach.

Leis an togra seo, coinnítear ar bun príomhchuspóir Threoir CBE maidir le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Ní thagann ábhar an togra salach ar an gcuspóir thuasluaite ná ní théann sé níos faide ná an malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a éascú i gcás ina ndéantar iad le feithicil atá cláraithe i mBallstát eile seachas an Ballstát ina ndearnadh an cion. Dá bhrí sin, is é Airteagal 91(1)(c) CFAE an bunús dlí atá leis an togra fós agus, dá réir sin, *'(...) leagfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (....): (...) (c) na bearta ar mhaithe le feabhas a thabhairt ar shábháilteacht an iompair.'*

• **Coimhdeacht**

Maidir le deireadh a chur le saoirse ciontóirí ó phionós agus cóir chomhionann a áirithiú do gach úsáideoir bóithre ar fud an Aontais, ní féidir na bearta sin a bheith chomh héifeachtach céanna má dhéantar iad ar bhealaí éagsúla trí stórais aonraithe sonraí náisiúnta nó réigiúnacha (comhaontuithe iltaobhacha nó déthaobhacha). Ba é conclúid na meastóireachta ar fheidhmiú Threoir CBE go mbeadh gá le níos mó ná 300 comhaontú déthaobhach a ghlacadh chun na torthaí céanna a bhaint amach, rud as a dtiocfadh timpeallacht dhlíthiúil a bheadh neamh-thrédhearcach agus casta, agus a d'fhéadfadh a bheith neamhréireach agus neamhéifeachtach ó thaobh costais de, rud a d'fhágfadh go mbeadh costais shuntasacha ar na riaracháin náisiúnta sa deireadh. In éagmais na hidirghabhála ar leibhéal an Aontais, bheadh meascán rialacha ann, rud nach mbeadh chomh héifeachtach céanna maidir le deireadh a chur le saoirse ciontóirí neamhchónaitheacha ó phionós agus maidir le hathrú iompraíochta a spreagadh as a dtiocfadh feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre. Is ar éigean a bheadh forfheidhmiú trasteorann na rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre indéanta, ós rud é nach mbeadh na Ballstáit in ann cúnamh frithpháirteach a áirithiú i nósanna imeachta imscrúdaithe trasteorann.

Faoi phrionsabal na coimhdeachta, meastar go bhfuil cur i bhfeidhm cleachtas forfheidhmiúcháin ag na Ballstáit go príomha laistigh dá n-inniúlacht féin. Leis an tionscnamh seo, ní fhéachtar le ceanglais a fhorchur chun rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú mar sin. Tá sé dírithe ar nósanna imeachta imscrúdaithe trasteorann a éascú, agus air sin amháin, rud nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach as a stuaim féin ar bhealach comhleanúnach chun cóir chomhionann do thiománaithe cónaitheacha agus neamhchónaitheacha a áirithiú.

• **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann na bearta sa togra seo thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach - sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú (trí rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr ar bhonn trasteorann).

Tugtar aghaidh sa togra ar na bacainní atá ann cheana ar imscrúdú éifeachtach trasteorann a dhéanamh ar chionta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus ar chearta bunúsacha

[35] Cás C-43/12, ECLI:EU:C:2014:298

tiománaithe neamhchónaitheacha a chosaint le linn chéim an imscrúdaithe. Leagtar amach sa togra creat dlíthiúil agus teicniúil le haghaidh comhair idir na Ballstáit chun an duine atá faoi dhliteanas i leith cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a dhéantar ar an gcoigríoch a shainaithint chun cóir chomhionann do thiománaithe a áirithiú. Chun na críche sin, leathnaítear raon feidhme an tionscnaimh chun seacht gcion tráchta breise a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chumhdach, ar cionta iad is féidir a bhrath go cianda, gan an fheithicil a stopadh agus an tiománaí a shainaithint ar an láthair, agus a mheasann na páirtithe leasmhara gurb iad na cionta is ábhartha iad chun feabhas breise a chur ar shábháilteacht ar bhóithre san Aontas.

Ós rud é go bhféadfar na cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a aicmiú mar chionta riaracháin nó coiriúla agus, dá bhrí sin, go bhfuil difríocht idir na húdaráis atá inniúil chun na cionta sin a shaothrú mar aon leis an gcuspóir atá á shaothrú, ba cheart an phróiseáil sonraí pearsanta a bheith i gcomhréir le RGCS nó LED. Sa ghearrthéarma, tabhóidh an Coimisiún agus na Ballstáit costais a bhaineann le réitigh TF a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar réitigh iad atá riachtanach ní hamháin chun faisnéis a mhalartú/a chomhroinnt idir údaráis forfheidhmiúcháin, ach chun faisnéis a mhalartú/a chomhroinnt idir na húdaráis sin agus úsáideoirí bóithre freisin. Mar sin féin, dhéanfaí na costais sin a fhritháireamh san fhadtéarma mar gheall ar na tairbhí a thiocfadh as an gcomhar feabhsaithe agus as an gcumarsáid fheabhsaithe. Chun an t-ualach a bhaineann le tuairisciú rialála a íoslaghdú, cuirfidh an faireachán ar chur i bhfeidhm Threoir CBE athbhreithnithe, a mhéid is féidir, le bealaí agus bonneagar tuairiscithe sonraí atá ann cheana, agus le haisghabháil uathoibríoch sonraí. I gcás úsáideoirí bóithre, arb é atá i gceist leo gnólachtaí agus saoránaigh, meastar go dtiocfaidh laghdú ar na costais a bhaineann le hidirghníomhú le riaracháin phoiblí mar thoradh ar an togra.

- **An rogha ionstraime**

Leis an togra seo, déantar na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar údaráis na mBallstát maidir le malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chuíchóiriú a thuilleadh agus áirithítear leibhéal comhchuibhithe níos airde ina leith. An tráth céanna, is é is aidhm dó an tsolúbthacht is gá a sholáthar do na Ballstáit chun sainiúlachtaí náisiúnta a chur san áireamh (amhail an fhéidearthacht eintitis fhíor- riachtanacha nó thábhachtacha bhreise nó nósanna imeachta fíor-riachtanacha nó tábhachtacha breise a shainaithint a théann thar na bearta atá beartaithe). Agus an méid sin á chur san áireamh, agus ós rud é go bhfuil roinnt leasuithe ann ar Threoir CBE atá ann cheana, ba cheart, dá bhrí sin, gur Treoir a bheadh san ionstraim dlí a bheidh ann amach anseo, ós rud é go gceadaítear léi comhchuibhiú spriocdhírithe chomh maith le méid áirithe solúbthachta d’údaráis inniúla. Ós rud é go gcoinníonn an Treoir leasaithe a struchtúr reatha, agus nach ndéantar difear dá substaint, ní gá athmhúnlú a dhéanamh.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2016, rinne an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm Threoir CBE ag na Ballstáit[36], ina ndearna sé measúnú ar a hábharthacht, a breisluach AE, a comhleanúnachas, a héifeachtacht agus a héifeachtúlacht. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle[37].

Seo a leanas conclúidí na meastóireachta:

1. Measadh go raibh raon feidhme Threoir CBE leordhóthanach ós rud é go gcumhdaítear léi na cionta tráchta bóthair is tábhachtaí, i.e. na cásanna nach gá an fheithicil a stopadh chun an cion a bhrath. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht freisin go bhféadfadh sé a bheith úsáideach breithniú a dhéanamh ar chionta breise a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a thabhairt faoi raon feidhme na Treorach lena gcuirtear sábháilteacht ar bhóithre i mbaol agus a bhfuil trealamh seiceála uathoibríoch á úsáid ina leith níos mó agus níos mó, cionta amhail gan achar leordhóthanach a choinneáil ón bhfeithicil tosaigh, scoitheadh contúirteach agus páirceáil chontúirteach;
2. Leis an gcóras leictreonach faisnéise a úsáidtear chun sonraí clárúcháin feithicle a mhalartú (Eucaris), rinneadh foráil maidir le sonraí clárúcháin feithicle a mhalartú ar bhealach éifeachtach, tapa, slán agus rúnda agus ní chruthaíonn sé ualach riaracháin nach bhfuil gá leis. Mar sin féin, níor baineadh leas iomlán as an gcóras. In 2015, níor imscrúdaíodh thart ar 50 % de na cionta tráchta bóthair a braitheadh a rinne neamhchónaitheoirí;
3. Ní rabhthas in ann comhghaol soiléir a shuíomh idir Treoir CBE agus comhlíontacht úsáideoirí neamhchónaitheacha bóithre leis na rialacha maidir le trácht ar bhóithre atá i bhfeidhm, ná fianaise shoiléir a sholáthar maidir le tionchar dearfach na Treorach ar shábháilteacht ar bhóithre;
4. A mhéid a bhaineann le comhleanúnachas seachtrach, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go raibh Treoir CBE ina rannchuidiú le creat dlíthiúil níos comhsheasmhaí de chuid an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre trí ionstraimí eile a chomhlánú, cuir i gcás an Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána. Fuarthas amach san anailís ar chomhleanúnachas inmheánach go gcomhlánaíonn an dá chuspóir shonracha atá ag Treoir CBE — forfheidhmiú na rialacha maidir le trácht ar bhóithre a éascú trí mhalartú trasteorann sonraí clárúcháin feithicle agus feasacht na saoránach ar na rialacha maidir le trácht ar bhóithre a ardú — a chéile go hiomlán.
5. D'fhéadfaí leas breise a bhaint as acmhainneacht Threoir CBE chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Níor forfheidhmíodh go rathúil thart ar 50 % de na cionta tráchta bóthair a rinne neamhchónaitheoirí a imscrúdaíodh. Tharla sé sin mar gheall ar easpa cúnaimh fhrithpháirtigh agus easpa comhair idir na Ballstáit maidir le cionta tráchta bóthair a imscrúdú tar éis sonraí clárúcháin feithicle a mhalartú, nó toisc gur mhinic nár tháinig cinntí a d'eisigh na Ballstáit i gcásanna nár íocadh pionós

---

[36] SWD(2016) 355 final; bhí staidéar ó chomhairleoirí seachtracha ag gabháil leis an meastóireacht - Grimaldi Studio Legale (2016), ISBN 978-92-79-59136-5

[37] COM (2016) 744 final

airgeadais as na cionta sin faoi Chinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle. Maidir le nósanna imeachta a bhfuil feidhm acu i gcásanna trasteorann neamhíocaíochta pionóis airgeadais, is cosúil nár cuireadh in oiriúint iad don chás inar cheart na milliúin cionta tráchta bóthair a chumhdaítear le Treoir CBE a bhrath gach bliain.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá cuibhreannas conraithe ag an gCoimisiún, ina bhfuil na cuideachtaí Ecorys, Wavestone agus Grimaldi, chun tacú le Measúnú Tionchair an athbhreithniú ar Threoir CBE[38]. Tá teagmháil déanta ag an gconraitheoir leis na páirtithe leasmhara a bhfuil tionchar díreach ag an Treoir orthu trí shuirbhéanna agus ceardlanna spriocdhírithe. Chuathas i gcomhairle le réimse leathan saineolaithe ní hamháin i réimse an iompair, ach freisin i réimsí beartais eile amhail comhar póilíneachta agus ceartais. Rinne an conraitheoir anailís dhlíthiúil freisin maidir le (1) nósanna imeachta maidir le cúnamh frithpháirteach agus aitheantas san imscrúdú trasteorann ar chionta tráchta bóthair; (2) úsáid Eucaris; (3) forfheidhmiú trasteorann dícháiliúchán ón tiomáint; (3) an bunús dlí iomchuí i bhfianaise leathnú féideartha raon feidhme na Treorach athbhreithnithe chun cionta tráchta bóthair eile a chumhdach, lena n-áirítear sáruithe ar rialacháin maidir le rochtain ar fheithiclí uirbeacha (UVARanna); (4) rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta; (5) smachtbhannaí sonracha amhail coigistiú/coinneáil feithiclí agus cur i bhfeidhm ráthaíochtaí comhthaobhachta i.e. an cleachtas maidir le comhthaobhacht a ghealladh mar urrús le haghaidh aisíocaíocht pionóis airgeadais a forchuireadh i leith ciona tráchta bóthair. Rinneadh anailís theicniúil freisin ar dhigitiú chórais cheartais an Aontais agus ar réitigh leordhóthanacha dhigiteacha/TF don Treoir athbhreithnithe.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ba é cuspóir na gcomhairliúchán tuiscint an Choimisiúin ar na saincheisteanna atá i gceist a bhailíochtú leis na páirtithe leasmhara agus, go háirithe, tuairimí a bhailiú maidir le dréachtbhearta beartais. Mar chuid de na comhairliúcháin, bailíodh fianaise freisin maidir leis na costais agus na buntáistí a bhfuiltear coinne leo ó na dréachtbhearta beartais. Bhí siad ina gcuidiú le bearnaí a shainaithint sa loighic idirghabhála nó réimsí ar gá díriú a thuilleadh orthu. An comhairliúchán poiblí maidir leis an Measúnú ar Thionchar Tionscanta, na comhairliúcháin spriocdhírithe agus an comhairliúchán poiblí oscailte, bhí siad dírithe ar fhaisnéis agus tuairimí a bhailiú maidir leis na gnéithe seo a leanas den mheasúnú tionchair: (1) sainiú na faidhbe, lena n-áirítear cúiseanna na bhfadhbanna agus cuspóirí beartais faoi seach; (2) raon feidhme an athbhreithnithe; (3) bearta agus roghanna beartais a d'fhéadfadh a bheith ann agus an tionchar is dócha a bheidh acu, lena n-áirítear a dtionchar ar choimhdeacht agus ar ghné an Aontais; (4) an raon feidhme maidir le coigilteas éifeachtúlachta (go háirithe laghdú ar chostas rialála) agus bearta simpliúcháin.

Chuathas i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara, cuir i gcás (1) údaráis rialtais láir (aireachtaí iompair, aireachtaí gnóthaí baile agus ceartais, gníomhaireachtaí díláraithe stáit); (2) údaráis rialtais áitiúil (bardais agus a gcomhlachais e.g. POLIS agus EUROCITIES); (3) eagraíochtaí taighde agus eagraíochtaí neamhrialtasacha um shábháilteacht ar bhóithre (e.g. institiúid VIAS, ETSC, FERSI/SWOV); (4) eagraíochtaí um an líonra póilíneachta (e.g. ROADPOL); (5) eagraíochtaí úsáideoirí bóithre, comhlachais ghnó agus iompair (e.g. ADAC, FIA, IRU, UICR, TLN, CORTE, Leaseurope).

[38] Staidéar tacaíochta an mheasúnaithe tionchair le haghaidh an athbhreithnithe ar Threoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, cuibhreannas ECORYS (2023), MOVE/C2/SER/2019-425/SI2.819667

- **Measúnú tionchair**

Mar a leagtar amach sa Mheasúnú ar Thionchar Tionscanta[39], rinneadh anailís ar na tionchair seo a leanas a bhaineann leis an tionscnamh seo: (1) tionchair eacnamaíocha — *tionchair ar riaracháin phoiblí, ar an earnáil phríobháideach (e.g. cuideachta léasaithe), ar FBManna, ar úsáideoirí bóithre, ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar an iomaíocht;* (2) tionchair shóisialta - *tionchair ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar chosaint ceart bunúsacha*; (3) tionchair ar an gcomhshaol – *tionchair ar chomhlíontacht le na rialacha maidir le trácht ar bhóithre atá i bhfeidhm, go háirithe comhlíontacht leis na teorainneacha luais is infheidhme*. An cás bunlíne, is é sin an cás 'gan aon ní a dhéanamh', a ndearnadh measúnú ar thionchair gach rogha beartais a sainaithníodh ina leith, tá sé bunaithe ar chás tagartha an Aontais 2020 (REF2020) mar an túsphointe le haghaidh an mheasúnaithe, ar cás é ina gcuirtear san áireamh tionchair phaindéim COVID-19 ar an earnáil iompair.

Tá tuarascáil ar an measúnú tionchair ag gabháil leis an togra seo le haghaidh leasú ar Threoir CBE, tuarascáil ar cuireadh dréacht di faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB) an 22 Meitheamh 2022. D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach an 22 Iúil 2022[40]. Rinneadh an tuarascáil ar an measúnú tionchair a choigeartú dá réir sin chun aghaidh a thabhairt ní hamháin ar na húdair amhrais, ach ar bharúlacha níos mionsonraithe ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála freisin. Áirítear sa tuarascáil ar an measúnú tionchair tuairisc mhionsonraithe ar na roghanna beartais, atá san áireamh i Roinn 5, agus cuirtear anailís chuimsitheach ar thionchair na roghanna uile i láthair i Roinn 6. Déantar achoimre ar na roghanna beartais a ndearnadh anailís orthu mar a leanas:

1. Rogha Beartais 1: Is í an bhunrogha beartais í a bhfuil 11 bheart beartais coinnithe inti (as na 16 cinn), atá i gcoiteann ag na roghanna beartais go léir. Leathnófaí raon feidhme Threoir CBE chun cionta tráchta eile a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chuimsiú, ar cionta iad is féidir a bhrath go cianda le trealamh seiceála uathoibríoch amhail *gan spás leordhóthanach a fhágáil taobh thiar den fheithicil atá romhat, scoitheadh contúirteach, páirceáil chontúirteach, líne bhán/línte bána a thrasnú, tiomáint ar an mbealach mícheart nó gan urraim a thabhairt do na rialacha maidir le conairí éigeandála a chruthú agus a úsáid, feithicil ró-ualaithe a úsáid*. Mhéadódh sí éifeachtacht na Treorach atá ann cheana trí fheabhas a chur ar an malartú faisnéise atá ann cheana agus trí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha ciontóirí neamhchónaitheacha a chosaint le linn chéim an imscrúdaithe, lena n-áirítear cosaint sonraí pearsanta, rud a fhaigheann tacaíocht ó gach grúpa páirtithe leasmhara. Faoin rogha seo, níor mhór an fhaisnéis sna cláir náisiúnta feithiclí maidir leis an sealbhóir/úsáideoir feithicle a bhí ann roimhe sin a choinneáil ar feadh tréimhse áirithe ama agus í a mhalartú dá mbeadh sí ar fáil. I gcás ina mbeadh feithicil ar léas (nó faoi réir cíosa fhadtéarmaigh), dhéanfaí an fhaisnéis maidir le húsáideoir iarbhír na feithicle a mhalartú dá mbeadh sí ar fáil sa chlár náisiúnta feithiclí. Bheadh cead ag na húdaráis forfheidhmithe ní hamháin cláir na bhfeithiclí a úsáid, ach cláir eile freisin amhail cláir náisiúnta ceadúnas tiomána, trí chóras leictreonach amháin más féidir, i gcás inar gá sin chun an duine atá faoi dhliteanas i leith cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a shainaithint.
2. Roghanna Beartais 2 agus 2A: Áirítear leis na roghanna beartais seo gach gné de Rogha Beartais 1 agus ina theannta sin foráiltear go mbunófar nósanna imeachta

[39] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/2131-Cross-border-enforcement-of-road-traffic-rules_en
[40] RSB/RM/cdd - rsb(2022)5013941

imscrúdaithe leantacha saincheaptha, lena n-áirítear tairseach thiomnaithe TF[41] le haghaidh na cumarsáide idir údaráis/eagraíochtaí rialtais, gnólachtaí agus saoránaigh, agus go mbunófar ardán/ardáin atá díláraithe[42], más féidir, chun cláir náisiúnta/seirbhísí TF cúil a idirnascadh i malartú trasteorann faisnéise trí phointí teagmhála ainmnithe. Leis an bhféidearthacht maidir le dualgas úinéir/shealbhóir na feithicle comhoibriú leis na húdaráis a chur i bhfeidhm chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, féidearthacht a tugadh isteach le Rogha Beartais 2A, dhéanfaí na nósanna imeachta imscrúdaithe trasteorann a shimpliú agus bheadh coinne leis go méadófaí ráta na n-imscrúduithe rathúla sna Ballstáit a chuireann córais dliteanais dhlíthiúil tiománaithe i bhfeidhm. Baineann roinnt Ballstát úsáid as an gcur chuige sin cheana, mar shampla faoi Chomhaontú CBE Fhóram Salzburg[43].

3. Roghanna Beartais 3 agus 3A: Cuireann na roghanna seo le Rogha Beartais 2A agus ina theannta sin bhunófaí leo nósanna imeachta leantacha saincheaptha chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí (críochnaitheacha) maidir le pionóis airgeadais a eisítear i ndáil leis na cionta a thagann faoi raon feidhme Threoir CBE. Le Rogha Beartais 3, soláthraítear caighdeáin agus ráthaíochtaí sonracha nós imeachta atá le comhlíonadh tráth a fhorfheidhmítear pionóis airgeadais ar an gcoigríoch. Leagan leathnaithe de Rogha Beartais 3 is ea Rogha Beartais 3A ina laghdófaí na forais chun diúltú aitheantas a thabhairt don chinneadh a bhaineann le pionós airgeadais a eisíonn Ballstát eile, mar a leagtar síos in Airteagal 7 de Chinneadh Réime 2015/214/CGB, agus na forais chun diúltú an cinneadh sin a fhorghníomhú.

San iomlán, tugtar le fios san anailís ar éifeachtúlacht na mbeart atá beartaithe gur mó i bhfad na tairbhí iomlána, ag brath ar an rogha beartais, ó EUR 1 259,2 milliún go EUR 3 850,6 milliún, ná na costais iomlána a athraíonn idir EUR 72,8 milliún agus EUR 150 milliún, de réir phraghsanna 2020. Cé go mbaineann an costas is airde leis an imscrúdú feabhsaithe a dhéanann údaráis na mBallstát, is é sin litreacha faisnéise/fógraí pionóis a sheoladh amach trí phost cláraithe, rud a bhfuil nasc daingean aige freisin le cearta bunúsacha a chosaint, is é luach bheatha na ndaoine a shábháiltear an príomhthairbhe – i.e.

41 Tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh an tairseach mar phointe teagmhála aonair nó mar phointe rochtana leictreonaí Eorpach aonair chun rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú ar bhonn trasteorann.

42 Fágann cineál díláraithe an chórais nach mbeadh aon stóráil sonraí ná próiseáil sonraí ag an eintiteas a bhfuil sé de chúram air bainistiú oibríochtúil chomhpháirteanna an chórais a dhéanamh. Ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil pointe rochtana ar an gcóras á oibriú ag institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais, nó ar an leibhéal náisiúnta/idirnáisiúnta, agus ag brath ar na húdaráis náisiúnta a bhfuil sonraí pearsanta á bpróiseáil acu agus ar cad chuige a bhfuil sonraí pearsanta á bpróiseáil acu, bheadh feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39); Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1); nó Treoir (AE) 2016/680 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorchur, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

43 Shínigh an Bhulgáir, an Chróit, an Ungáir agus an Ostair Comhaontú iltaobhach CBE Fhóram Salzburg an 11 Deireadh Fómhair 2012. Baineann sé úsáid as an gcreat a bunaíodh le Treoir CBE agus áirítear ann freisin comhar maidir le himscrúdú trasteorann cionta tráchta bóthair (http://www.salzburgforum.org/Treaties_and_Agreement/CBE_Agreement.html).

tugtar tús áite do na tionchair shóisialta (chainníochtaithe) ar na tionchair eacnamaíocha ar bhealach dearfach.

Is é conclúid an Mheasúnaithe Tionchair gurb í Rogha Beartais 2A an rogha thosaíochta, ar rogha í a mheastar a bheith éifeachtach chun na cuspóirí beartais atá beartaithe a bhaint amach, a bhfuil glantairbhí arda ag baint léi, a bheith comhleanúnach go hinmheánach, a bheith comhréireach maidir le cuspóirí an tionscnaimh, agus rialacha agus nósanna imeachta na mBallstát á gcur san áireamh, agus a mheastar a bheith ar an rogha is fearr ar an iomlán ó thaobh indéantacht pholaitiúil agus dhlíthiúil de. Le Rogha Beartais 2A, is féidir nósanna imeachta imscrúdaithe trasteorann a éascú go suntasach freisin (agus, dá bhrí sin, forfheidhmiú trasteorann pionós airgeadais), rud a dhéanfadh na saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaca leis an gcomhleanúnachas seachtrach a fhritháireamh. Leis an rogha beartais sin, cuirfear teorainneacha reachtacha an Aontais chun tosaigh le huaillmhian mheasartha, rud a réiteoidh an bealach do chóras dliteanais dhlíthiúil atá inghlactha go ginearálta agus atá an-éifeachtach, córas is infheidhme maidir le cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre.

Is é is cúis le príomhthionchair shochaíocha Rogha Beartais 2A éifeacht dhíspreagthach Threoir CBE trí rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, agus rinneadh measúnú orthu i dtéarmaí tionchair ar shábháilteacht ar bhóithre (go sonrach i dtéarmaí beatha daoine a shábháil agus gortuithe a sheachaint). Faoi Rogha Beartais 2A, meastar go sábhálfar 384 duine agus go seachnófar 21 789 gortú thar an tréimhse 2025-2050, i gcoibhneas leis an mbonnlíne. I dtéarmaí airgeadaíochta, meastar go mbeidh laghdú EUR 2,8 billiún ar chostais sheachtracha a bhaineann le timpistí, laghdú arna shloinneadh mar luach reatha thar an tréimhse 2025-2050 i gcoibhneas leis an mbonnlíne. Ina theannta sin, is féidir le cuideachtaí léasaithe a bheith ag súil le coigilteas bliantúil de thart ar EUR 7 milliún, i gcoibhneas leis an mbonnlíne, coigilteas arna shloinneadh mar luach reatha thar an tréimhse measúnaithe 2025-2050, ós rud é gur lú an t-ualach riaracháin a bheidh orthu nuair is féidir céannacht an choimeádaí feithicle (an léasaí) a aisghabháil go díreach ó na sonraí clárúcháin feithicle.

Meastar go mbeidh Rogha Beartais 2A éifeachtach chun sciar na gcionta a ndéantar imscrúdú orthu go rathúil a mhéadú agus ba cheart go mbeadh costais forfheidhmiúcháin níos airde mar thoradh uirthi mar gheall ar an líon níos airde fógraí pionóis a eiseofar. Meastar gur EUR 136,8 milliún i gcoibhneas leis an mbonnlíne a bheidh sna costais bhreise forfheidhmiúcháin le haghaidh údaráis na mBallstát, costas arna shloinneadh mar luach reatha thar an tréimhse 2025-2050. Áirítear leis sin costais choigeartúcháin aonuaire EUR 4,6 milliún le haghaidh riaracháin na mBallstát (e.g. chun córais TF a oiriúnú). Meastar gur mhó an t-ioncam breise a thiocfadh as íocaíocht na bpionós ná na costais bhreise sin a bheadh measartha íseal, cé nárbh fhéidir measúnú a dhéanamh ar na tionchair sin. Ina theannta sin, meastar gur EUR 1,5 milliún i gcoibhneas leis an mbonnlíne a bheidh sna costais choigeartúcháin le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh (go príomha chun an tairseach faisnéise a nuashonrú), costas arna shloinneadh mar luach reatha thar an tréimhse 2025-2050.

Ba cheart go mbeadh tionchar beagán dearfach ag an rogha thosaíochta beartais. Trí dheireadh a chur le saoirse ciontóirí neamhchónaitheacha ó phionós, meastar go mbeidh iompraíocht ann atá níos umhaile don dlí i measc neamhchónaitheach, arb é a bheidh i gceist léi sin i gcás tiomáint ar róluas (arb é sin atá i gceist le formhór mór na gcionta a dhéantar le feithiclí eachtracha), meánluas níos ísle, rud a laghdaíonn tomhaltas breosla agus, dá bhrí sin, astaíochtaí truailleán agus $CO_2$. Le himeacht ama, de réir mar a thiocfaidh méadú ar sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle ar na bóithre, meastar gur lú an tábhacht a bheidh ag baint leis an bhfeabhas ar an gcomhshaol de bharr meánluas níos ísle. Ar an iomlán,

ní mheastar go mbeidh tionchar dearfach mór ar an gcomhshaol ach, an tráth céanna, meastar nach ndéanfar aon dochar don chomhshaol.

Rannchuidíonn an tionscnamh go díreach le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe #11 '*Cathracha agus lonnaíochtaí do dhaoine a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe'* agus go háirithe le sprioc 11.2 *'Faoi 2030, rochtain ar chórais iompair atá sábháilte, inacmhainne, inrochtana agus inbhuanaithe a chur ar fáil do chách, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, go háirithe trí iompar poiblí a leathnú, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na ndaoine sin atá i staideanna leochaileacha, ar riachtanais ban, leanaí, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta'*[44]. Trí fheabhas a chur ar imscrúdú cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a dhéantar le feithiclí atá cláraithe ar an gcoigríoch, neartófar éifeacht dhíspreagthach Threoir CBE. Mar thoradh air sin, meastar go mbeidh bóithre an Aontais níos sábháilte do gach úsáideoir bóithre. Tá forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le rioscaí iompraíochta ina ghné lárnach de 'Chur Chuige an Chórais Shábháilte' agus is croíphrionsabal é de 'Dhearbhú Stócólm maidir le sábháilteacht ar bhóithre' ó na Náisiúin Aontaithe in 2020[45].

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Mar chuid den Chlár um Oiriúnacht Rialála (REFIT)[46], tá sé beartaithe leis an togra seo costais forfheidhmiúcháin a laghdú d'údaráis na mBallstát a thabhaítear mar gheall ar imscrúdú trasteorann cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Ba cheart go dtiocfadh laghdú ar an méid ama a ghlacann an t-imscrúdú agus ar na costais ghaolmhara in aghaidh an chiona mar thoradh ar na bearta atá beartaithe, laghdú a bhainfear amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: (1) feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir na húdaráis, lena n-áirítear rochtain ar na cláir agus ábhar na gclár; (2) sásra saincheaptha imscrúdaithe trasteorann a chruthú chun a shuíomh ar bhealach níos fearr cén duine atá faoi dhliteanas pearsanta i leith an chiona, lena n-áirítear dualgas maidir le comhoibriú leis na húdaráis forfheidhmiúcháin chun an ciontóir iarbhír a shainaithint, i gcás inar féidir sin. Ba cheart go mbeadh laghdú ar chostais d'úsáideoirí bóithre mar thoradh ar an togra seo mar gheall ar ábhar feabhsaithe litreacha faisnéise/fógraí pionóis agus ábhar feabhsaithe na cumarsáide leantaí le ciontóirí (cosaint níos fearr do chearta bunúsacha). Thairis sin, tá sé beartaithe costais riaracháin a laghdú do chuideachtaí léasaithe gluaisteán agus cuideachtaí gluaisteán ar cíos, ós rud é go gceadófar faisnéis maidir le húsáideoir iarbhír na feithicle (an léasaí) a mhalartú ar bhonn trasteorann.

Cuimsítear leis an tionscnamh an prionsabal 'digiteach mar réamhshocrú'[47] toisc go gcothaíonn sé claochlú digiteach, i gcásanna inar féidir. Mar shampla, moltar ann nósanna imeachta leantacha digitithe a bhaineann le forfheidhmiú trasteorann smachtbhannaí i leith na gcionta a chumhdaítear le Treoir CBE, lena n-áirítear foirmeacha digiteacha caighdeánaithe a thabhairt isteach a aistrítear i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, rud a shimpleodh an malartú.

[44] https://sdgs.un.org/goals/goal11
[45] https://www.roadsafetysweden.com/contentassets/b37f0951c837443eb9661668d5be439e/stockholm-declaration-english.pdf
[46] Clár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2022, Iarscríbhinn II (tionscnaimh REFIT), ceannteideal *'Ugach Nua do Dhaonlathas na hEorpa'*
[47] COM(2021) 118

- **Cur i bhfeidhm an chur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach'**

Is éard atá i gceist leis an gcur chuige ' ceann amháin isteach, ceann amháin amach' *aon ualach nua ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí a eascraíonn as tograí an Choimisiúin a fhritháireamh trí dheireadh a chur le hualach coibhéiseach atá ann cheana sa réimse beartais céanna*. Mar a mhínítear sa mhír thuas, ba cheart go dtiocfadh laghdú ar chostais riaracháin na hearnála príobháidí mar thoradh ar an togra seo - i gcás cuideachtaí léasaithe gluaisteán agus cuideachtaí gluaisteán ar cíos, meastar gur EUR 0,435 milliún in 2030 agus EUR 0,275 milliún in 2050 a bheidh ann, i gcoibhneas leis an gcás bunlíne. Meastar gur EUR 202 in 2030 agus EUR 128 in 2050 a bheidh sa choigilteas ar chostais riaracháin in aghaidh na cuideachta. Meastar gur EUR 7 milliún san iomlán a bheidh sa choigilteas ar chostais riaracháin idir 2025 agus 2050, méid arna shloinneadh mar luach reatha.

- **Cearta bunúsacha**

Ceann de chuspóirí sonracha an togra seo is ea feabhas a chur ar chosaint ceart bunúsach tiománaithe neamhchónaitheacha. Le forfheidhmiú feabhsaithe, mar thoradh ar mhalartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, áiritheofar go dtabharfar cóir chomhionann do thiománaithe cónaitheacha agus neamhchónaitheacha agus go bhfeidhmeoidh siad go héifeachtach an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta. Ba cheart é sin a bhaint amach trí (1) fíorú barántúlachta litreacha faisnéise agus doiciméad leantach a chumasú; (2) teorainneacha ama comhchuibhithe a bhunú chun na litreacha faisnéise agus na doiciméid leantacha a sheoladh; (3) íoscheanglais éigeantacha a bhunú le haghaidh na faisnéise atá le roinnt le daoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas; (4) córas comhsheasmhach teanga a áirithiú go dtí céim an achomhairc os comhair cúirte; agus (5) a áirithiú go bhfaighidh saoránaigh tuilleadh faisnéise sna litreacha faisnéise/fógraí pionóis e.g. maidir le nósanna imeachta achomhairc is infheidhme agus modhanna íocaíochta fíneálacha.

Tá sé beartaithe leis an togra seo freisin go ndéanfar Treoir CBE a ailíniú leis na rialacha nua maidir le cosaint sonraí pearsanta. Dá bhrí sin, cuirfear coimircí iomchuí i bhfeidhm lena áirithiú go mbeidh an Treoir go huile is go hiomlán i gcomhréir le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus leis an gcreat dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. Rachfar i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS).

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Chun an togra a chur chun feidhme, is gá córas TF nua a bhunú agus a choinneáil ar bun. Leis an gcóras sin, ba cheart líonraí de chórais náisiúnta TF agus de phointí rochtana idir-inoibritheacha atá ann cheana a nascadh, ar líonraí iad a oibríonn faoi fhreagracht agus faoi bhainistiú aonair gach Ballstáit, chun malartú trasteorann slán iontaofa faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a áirithiú. Saineoidh an Coimisiún réitigh iomchuí TF i ngníomhartha cur chun feidhme, lena n-áirítear an dearadh/ailtireacht agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh tairseach dhigiteach thiomnaithe agus córais leictreonacha thiomnaithe (ardán/ardáin comhéadain) chun córais náisiúnta a idirnascadh chun an fhaisnéis a mhalartú, ar féidir leis na Ballstáit í a úsáid. Áiritheoidh sé go ndéanfar measúnú idir-inoibritheachta ar gach réiteach atá beartaithe bunaithe ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 den togra le haghaidh Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach. Ba cheart aird a thabhairt sna gníomhartha cur chun feidhme ar an méid seo a leanas:

1. sonraíochtaí teicniúla lena sainítear na modhanna cumarsáide trí mheán leictreonach, lena n-áirítear prótacail chumarsáide;

2. spriocanna slándála faisnéise agus na bearta ábhartha lena n- áirithítear na híoschaighdeáin slándála faisnéise agus ardleibhéal cibearshlándála maidir le faisnéis a phróiseáil agus cumarsáid a dhéanamh ina leith;

3. spriocanna íosta infhaighteachta agus ceanglais theicniúla ghaolmhara le haghaidh na seirbhísí arna soláthar.

Meastar gur EUR 1,531 milliún a bheidh sna costais aonuaire in 2025 agus i gcostais leanúnacha choigeartúcháin an Choimisiúin go dtí 2050, ar costais iad a bhaineann go príomha le bunú an chórais TF chun tacú le hidirghníomhaíochtaí idir údaráis/eagraíochtaí rialtais, daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha in imeachtaí riaracháin agus coiriúla trasteorann. Meastar go mbeidh na costais le haghaidh na mBallstát sách teoranta. Tá coinne leis go n-íocfaidh na Ballstáit na costais sin óna mbuiséid náisiúnta; féadfaidh siad iarratas a dhéanamh freisin ar thacaíocht airgeadais ón Aontas faoi na cláir mhaoiniúcháin ábhartha, amhail an clár um Cheartas[48] agus ionstraimí an bheartais chomhtháthaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus faireachán, meastóireacht, clár faireacháin agus athbhreithniú spriocdhírithe**

Tá feidhm fós ag ionstraimí faireacháin bunaithe chun an sciar de chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a ndearnadh imscrúdú orthu le himeacht ama a leanúint. Áirítear sa tuairisciú an líon iarrataí uathoibrithe amach/isteach a rinne an Ballstát ina ndearnadh an cion agus an líon iarrataí atá dírithe chuig an mBallstát ina bhfuil an fheithicil cláraithe, mar aon leis an gcineál cionta a ndéanfar na hiarrataí ina leith agus an líon iarrataí ar theip orthu. Thairis sin, tá na Ballstáit le táscairí cainníochtúla breise a sholáthar, mar shampla maidir le cionta cláraithe tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a bhraitear go huathoibríoch nó gan an duine faoi dhliteanas a shainaithint ar an láthair agus a dhéantar le feithiclí atá cláraithe i mBallstát seachas an Ballstát ina ndearnadh an cion, nó maidir le líon na bpionós airgeadais arna n-íoc go deonach ag neamhchónaitheoirí.

Cuirtear síneadh le tréimhse tuairiscithe nua na mBallstát ó 2 bhliain, mar atá ann faoi láthair, go 4 bliana, rud a chuireann i gcomhréir í le féilire meastóireachta an Choimisiúin agus a laghdaíonn an t-ualach riaracháin ar údaráis náisiúnta. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi ábhar na dtuarascálacha arna gcur isteach a luaithe a dhéanfar measúnú orthu. Tá an t-ardán/na hardáin TF ceaptha chun tiomsú uathoibríoch sonraí a éascú trí ghnéithe tuairiscithe sonracha. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme agus éifeachtacht chur i bhfeidhm an tionscnaimh seo trí roinnt gníomhaíochtaí agus trí thacar eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) lena dtomhaisfear an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí oibríochtúla a baint amach. 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na reachtaíochta, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin meastóireacht chun a fhíorú a mhéid a baineadh amach cuspóirí an tionscnaimh.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá an togra le haghaidh Threoir CBE athbhreithnithe bunaithe ar na trí phríomhchuspóir beartais dá dtagraítear i gCaibidil 1 den mheabhrán míniúcháin seo, atá idirghaolmhar agus a fhónann don chuspóir sábháilteacht ar bhóithre san Aontas a fheabhsú. Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha lena ndéantar an Treoir a athrú go substaintiúil nó lena gcuirtear eilimintí nua leis:

[48] https://commission.europa.eu/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/justice-programme_en

Le hAirteagal 1(1) leasaítear Airteagal 2 de Threoir CBE trí raon feidhme na Treorach a leathnú chun cionta tráchta eile a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chumhdach, is iad sin: (1) gan spás leordhóthanach a fhágáil taobh thiar den fheithicil atá romhat; (2) scoitheadh contúirteach; (3) páirceáil chontúirteach; (4) líne bhán amháin nach bhfuil briseadh inti nó níos mó a thrasnú; (5) tiomáint ar threo contráilte; (6) gan urraim a thabhairt do na rialacha maidir le conairí éigeandála a chruthú agus a úsáid; agus (7) feithicil ró-ualaithe a úsáid. Tugtar soiléiriú ann freisin maidir leis an ngaol atá ann idir Treoir CBE agus creat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana i dtaca le cearta agus oibleagáidí áirithe de chuid na mBallstát, amhail Treoir 2014/41/AE, an Coinbhinsiún Eorpach maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir na Ballstáit den Aontas Eorpach, Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle agus an reachtaíocht maidir le cearta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe.

Le hAirteagal 1(2) leasaítear Airteagal 3 de Threoir CBE trí thuilleadh soiléirithe a dhéanamh ar na sainmhínithe atá ann cheana agus trí shainmhínithe a chur isteach ar na cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a cuireadh isteach le déanaí.

Le hAirteagal 1(3) cuirtear isteach Airteagal 3a nua maidir le freagrachtaí agus inniúlachtaí pointí teagmhála náisiúnta. Ceanglaítear ar phointí teagmhála náisiúnta na mBallstát comhoibriú le húdaráis eile atá bainteach le himscrúdú na gcionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a thagann faoi raon feidhme Threoir CBE, gan beann ar chineál an chiona nó ar stádas dlíthiúil an údaráis. Dá bhrí sin, moltar do na Ballstáit an fhaisnéis faoin Treoir a mhalartú trí chóras aonair.

Cuirtear Airteagal 1(4) in ionad Airteagal 4 de Threoir CBE. Leagtar síos ann gur cheart sonraí clárúcháin feithicle (‘VRD’) a mhalartú trí chóras leictreonach aonair – an Córas Eorpach Faisnéise maidir le Feithiclí agus Ceadúnais Tiomána (Eucaris) – chun a áirithiú go ndéanfar sonraí clárúcháin feithicle sonracha a mhalartú idir na Ballstáit ar bhonn tapa, cost-éifeachtúil, slán agus iontaofa. Leagtar amach ann freisin go bhfuil cead ag na Ballstáit cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh i gcláir feithiclí i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá ann cheana, lena n-áirítear úsáid an fheidhmchláir bogearraí, go dtí go nglacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagtar síos nósanna imeachta le haghaidh cuardaigh den sórt sin. Ceanglaítear ar na Ballstáit freisin VRD áirithe a choinneáil ar fáil agus cothrom le dáta. I gcásanna ina bhfuil feithicil ar léas (nó faoi réir socrú cíosa fadtéarmach), tá cead ag na Ballstáit cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh i gcláir feithiclí chun na sonraí maidir le húsáideoirí deiridh feithiclí a aisghabháil i gcás ina bhfuil siad ar fáil. Bunaítear tréimhse coinneála sonraí maidir le céannacht úinéirí, shealbhóirí agus úsáideoirí deiridh na bhfeithiclí a bhí ann roimhe seo chun an fhaisnéis iomchuí a sholáthar do na húdaráis a theastaíonn uathu chun na cionta a imscrúdú.

Le hAirteagal 1(5), cuirtear isteach an méid seo a leanas:

- Airteagal 4a nua maidir le nósanna imeachta um chúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit san imscrúdú trasteorann ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Leagtar síos ann go gceanglaítear ar na Ballstáit cúnamh frithpháirteach a thabhairt dá chéile sna cásanna nach féidir leis an mBallstát ina ndearnadh an cion, bunaithe ar thorthaí an chuardaigh uathoibrithe a rinneadh, an duine atá faoi dhliteanas i leith cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a shainaithint go cuí. Déanfar na nósanna imeachta um chúnamh frithpháirteach a dhigitiú i gcomhréir le gníomh cur chun feidhme. Sainítear freisin na forais ar a bhféadfaidh an Ballstát ina bhfuil an fheithicil cláraithe, nó an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an tiománaí, soláthar cúnaimh fhrithpháirtigh a dhiúltú chun an duine atá faoi dhliteanas a shainaithint, go háirithe ionas nach nochtfar céannacht daoine atá faoi chosaint;

- Airteagal 4b nua maidir le bearta náisiúnta a chur i bhfeidhm lena n-éascaítear an duine atá faoi dhliteanas a shainaithint. Leagtar amach ann go bhfuil cead ag na Ballstáit a mbearta náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le neamhchónaitheoirí, go háirithe an dualgas atá ar dhaoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas comhoibriú lena n-údaráis chun an duine atá faoi dhliteanas a shainaithint; agus
- Airteagal 4c nua maidir le bunachair sonraí eile a úsáid chun cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a imscrúdú. Bunaítear leis go bhfuil cead ag údaráis forfheidhmiúcháin na mBallstát ní hamháin na cláir feithiclí a úsáid, ach cláir eile freisin ar nós cláir náisiúnta ceadúnas tiomána nó cláir daonra, a mhéid atá an úsáid sin incheadaithe go sainráite faoi reachtaíocht an Aontais.

Cuirtear Airteagal 1(6) in ionad Airteagal 5 de Threoir CBE. Sonraítear ann ábhar íosta na litreach faisnéise, nach mór a áireamh inti, go háirithe, an fhaisnéis maidir leis an gcion a rinneadh, na smachtbhannaí a forchuireadh, nósanna imeachta achomhairc, íocaíocht pionós airgeadais – lena n-áirítear bearta maolaitheacha – na rialacha ábhartha maidir le cosaint sonraí, agus más infheidhme, faisnéis maidir leis an eintiteas arna chumhachtú ag Ballstát chun pionóis airgeadais a bhailiú a sheol an litir faisnéise.

Le hAirteagal 1(7), cuirtear isteach an méid seo a leanas:

- Airteagal 5a nua maidir leis an litir faisnéise agus na doiciméid leantacha a sheirbheáil. Leagtar síos ann an córas teanga le haghaidh na cumarsáide idir daoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas agus údaráis na mBallstát, córas atá le cur i bhfeidhm go dtí céim an achomhairc os comhair cúirte, mar aon le teorainneacha ama comhchuibhithe chun na doiciméid sin a sheoladh. I gcás nach féidir na doiciméid a sheachadadh trí sheachadadh cláraithe nó trí mhodhanna leictreonacha coibhéiseacha, bunaítear nósanna imeachta sonracha um chúnamh frithpháirteach chun na doiciméid a sheirbheáil ar bhonn trasteorann. Déanfar na nósanna imeachta sin a dhigitiú i gcomhréir le gníomh cur chun feidhme;
- Airteagal 5b maidir le héilimh airgeadais ó eintitis phríobháideacha nó phoiblí arna gcumhachtú ag na Ballstáit chun na himeachtaí leantacha a riar. Leagtar amach ann nach gceanglaítear ar dhaoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas na costais dlí agus riaracháin a bhaineann le riar na bpionós a íoc i gcás ina ndéantar an riarachán sin a sheachfhoinsiú chuig bailitheoirí fiach. Mar sin féin, tá cead ag údaráis na mBallstát táillí riaracháin comhréireacha a ghearradh.

Cuirtear Airteagal 1(8):

- in ionad Airteagal 6 de Threoir CBE. Faoin airteagal sin, cuirtear síneadh le tréimhse tuairiscithe na mBallstát go 4 bliana, rud a chuireann i gcomhréir í le féilire meastóireachta an Choimisiúin. Ceanglaítear ar na Ballstáit táscairí cainníochtúla breise a sholáthar, cuir i gcás táscairí maidir le cionta cláraithe tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a dhéantar le feithiclí atá cláraithe i mBallstát seachas an Ballstát ina ndearnadh an cion, nó maidir le líon na bpionós airgeadais arna n-íoc go deonach ag neamhchónaitheoirí. Ceanglaítear ar an gCoimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas faoi ábhar na dtuarascálacha arna gcur isteach a luaithe a dhéanfar measúnú orthu;

  in ionad Airteagal 7 de Threoir CBE. Ceanglaítear ar na Ballstáit a chéile a chur ar an eolas faoi theagmhais chibearshlándála a bhaineann le sonraí a stóráiltear ar néalta;
- in ionad Airteagal 8 de Threoir CBE. Leagtar síos leis an oibleagáid atá ar an gCoimisiún tairseach thiomnaithe TF a bhunú chun malartú faisnéise a éascú idir

pointí teagmhála náisiúnta, údaráis ábhartha eile na mBallstát, agus úsáideoirí bóithre, e.g. faisnéis faoi rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre atá i bhfeidhm sna Ballstáit, nósanna imeachta achomhairc agus smachtbhannaí a chuirtear i bhfeidhm. Leis an tairseach sin, éascófar freisin fíorú barántúlachta litreacha faisnéise agus doiciméad leantach. D'fhéadfadh sonraí clárúcháin feithicle agus na sonraí maidir le daoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas nó daoine atá faoi dhliteanas i leith cionta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a bheith san áireamh san fhaisnéis mhalartaithe.

Le hAirteagal 1(9), cuirtear isteach Airteagal 8a nua maidir le tacaíocht airgeadais chun comhar trasteorann a chur chun cinn i bhforfheidhmiú rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre san Aontas. Bunaítear bunús dlí le haghaidh cistiú ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh dea-chleachtais forfheidhmiúcháin a mhalartú, modheolaíochtaí agus teicnící forfheidhmithe cliste a chur i bhfeidhm sna Ballstáit, fothú acmhainneachta na n-údarás forfheidhmiúcháin a mhéadú agus feachtais ardaithe feasachta.

Cuirtear Airteagal 1(10) in ionad Airteagal 9 de Threoir CBE, tríd an gCoimisiún a chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Iarscríbhinn nua a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise dul chun cinn teicniúil.

Le hAirteagal 1(11), cuirtear isteach Airteagal 10a nua, maidir le coiste atá le bunú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Cuirtear Airteagal 1(12) in ionad Airteagal 11 de Threoir CBE. Faoin airteagal sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chuir faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach.

Le hAirteagal 1(13), cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir leasaithe in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2015/413.

Le hAirteagal 1(14), aisghairtear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2015/413.

Le hAirteagal 2, sonraítear an sprioc-am do na Ballstáit chun an Treoir leasaithe a thrasuí.

Le hAirteagal 3, leagtar amach dáta teacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe, is é sin an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Le hAirteagal 4, dírítear an Treoir leasaithe chuig na Ballstáit.

2023/0052 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), pointe (c), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2015/413 éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus ar an gcaoi sin laghdaítear saoirse ó phionós ciontóirí neamhchónaitheacha. Cuireann imscrúdú éifeachtach trasteorann agus forfheidhmiú éifeachtach trasteorann cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre toisc go spreagann sé tiománaithe neamhchónaitheacha níos lú cionta a dhéanamh agus tiomáint ar bhealach níos sábháilte.

(2) Is léir ó chleachtas na n-údarás forfheidhmiúcháin a bhfuil baint acu le himscrúdú a dhéanamh ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre go dteipeann ar fhoclaíocht reatha Threoir (AE) 2015/413 imscrúdú éifeachtach a éascú ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre arna ndéanamh ag tiománaithe neamhchónaitheacha agus go dteipeann uirthi maidir le forfheidhmiú pionós airgeadais a mhéid is inmhianaithe. Dá thoradh sin, bíonn tiománaithe neamhchónaitheacha saor ó phionós a bheag nó a mhór agus bíonn tionchar diúltach aige ar shábháilteacht ar bhóithre san Aontas. Ina theannta sin, ní urramaítear i gcónaí cearta nós imeachta agus cearta bunúsacha tiománaithe neamhchónaitheacha i gcomhthéacs imscrúduithe trasteorann, go háirithe mar gheall ar easpa trédhearcachta i socrú mhéid na bhfíneálacha agus sna nósanna imeachta achomhairc. Is é is aidhm don Treoir seo tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht an imscrúdaithe ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre arna ndéanamh le feithiclí atá cláraithe i mBallstát eile chun cuidiú le sprioc an Aontais maidir le líon na marbh i ngach modh iompair a

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .

laghdú go nialas nó geall leis faoi 2050 agus chun cosaint chearta bunúsacha agus nós imeachta na dtiománaithe neamhchónaitheacha a neartú.

(3) Ina Chreat Beartais AE um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030[3], gheall an Coimisiún an athuair don sprioc uaillmhianach básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre an Aontais a laghdú go nialas nó geall leis faoi 2050 ('Fís Nialais'), agus don aidhm mheántéarmach líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha a laghdú 50 % faoi 2030, sprioc a leag Airí Iompair an Aontais síos ar dtús i nDearbhú Vaileite in 2017 maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, d'fhógair an Coimisiún, mar chuid den Teachtaireacht 'Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí'[4], go raibh rún aige athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(4) Ba cheart raon feidhme na Treorach a leathnú chun cionta eile tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chuimsiú chun cóir chomhionann do thiománaithe a áirithiú. I bhfianaise an bhunúis dlí ar ar glacadh Treoir (AE) 2015/413, eadhon Airteagal 91(1), pointe (c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ba cheart nasc láidir a bheith ag cionta breise leis an tsábháilteacht ar bhóithre, trí aghaidh a thabhairt ar iompraíochtaí contúirteacha agus meargánta a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo d'úsáideoirí bóithre. Leis an leathnú ar an raon feidhme ba cheart leathnú an raoin feidhme a bheith ina léiriú freisin ar an dul chun cinn teicniúil maidir le brath uathoibríoch cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre.

(5) Déantar cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a aicmiú mar chionta riaracháin nó cionta coiriúla faoi dhlí náisiúnta na mBallstát, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le himeachtaí arna dtionscnamh ag údaráis riaracháin nó bhreithiúnacha, os comhair cúirteanna a bhfuil dlínse acu in ábhair riaracháin nó choiriúla, ag brath ar na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme. Le creat dlíthiúil sonrach de chuid an Aontais, rialaítear comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, atá bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh ar bhreithiúnais agus ar chinntí breithiúnacha. Dá bhrí sin, is gá nach mbainfidh cur i bhfeidhm na Treorach seo an bonn de chearta agus d'oibleagáidí na mBallstát a eascraíonn as reachtaíocht infheidhme eile de chuid an Aontais in ábhair choiriúla, agus go háirithe na cearta agus oibleagáidí sin a leagtar síos i gCinneadh Réime 2005/214/CGB[6] ón gComhairle, i dTreoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh malartuithe fianaise, agus na nósanna imeachta maidir le doiciméid a sheirbheáil a leagtar síos in Airteagal 5 den Choinbhinsiún arna bhunú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais

---

[3] SWD(2019) 283 final

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal '*Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future'* [An Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí], COM/2020/789 final.

[5] Treoir (AE) Uimh. 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (IO L 68, 13.3.2015, lch. 9).

[6] Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar phionóis airgeadais (IO L 76, 22.3.2005, lch. 16).

[7] Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

Eorpaigh[8]. Ina theannta sin, na himeachtaí coiriúla lena n-éilítear ráthaíochtaí sonracha do na daoine lena mbaineann, na coimircí nós imeachta do na daoine faoi dhrochamhras agus do na daoine cúisithe, atá cumhdaithe i dTreoir 2010/64/AE[9], 2012/13/AE[10], 2013/48/AE[11], (AE) 2016/343[12], (AE) 2016/800[13] agus (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14], níor cheart tionchar a bheith ag cur chun feidhme na Treorach seo orthu.

(6) Ba cheart freagrachtaí agus inniúlachtaí na bpointí teagmhála náisiúnta a shainiú chun a áirithiú go gcomhoibreoidh siad go rianúil le húdaráis eile a bhfuil baint acu le himscrúdú na gcionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Ba cheart pointí teagmhála náisiúnta a bheith ar fáil i gcónaí do na húdaráis sin agus a n-iarrataí a fhreagairt laistigh de thréimhse réasúnach ama. Ba cheart an cás a bheith amhlaidh gan beann ar chineál an chiona nó ar stádas dlíthiúil an údaráis, agus go háirithe beag beann ar inniúlacht náisiúnta nó fonáisiúnta nó áitiúil a bheith ag an údarás.

(7) Is léir go bhfuil bunghnéithe an chórais malartaithe trasteorann faisnéise a bunaíodh le Treoir (AE) 2015/413 éifeachtach. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh feabhsuithe agus coigeartuithe chun saincheisteanna a eascraíonn as easpa sonraí, sonraí earráideacha nó sonraí míchruinne a leigheas. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí breise a fhorchur ar na Ballstáit maidir leis an ngá atá le sonraí áirithe sna bunachair sonraí ábhartha a choinneáil ar fáil agus cothrom le dáta chun éifeachtacht an mhalartaithe faisnéise a mhéadú.

(8) Ba cheart cead a bheith ag Ballstát an chiona cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh i gcláir feithiclí chun sonraí a aisghabháil maidir le húsáideoirí deiridh feithiclí i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil cheana féin. Ina theannta sin, ba cheart tréimhse coinneála sonraí a bhunú a mhéid a bhaineann le céannacht úinéirí, shealbhóirí agus úsáideoirí deiridh na bhfeithiclí a bhí ann roimhe sin chun an fhaisnéis iomchuí atá de dhíth orthu don imscrúdú a sholáthar do na húdaráis.

(9) Maidir leis an iarraidh chun sonraí clárúcháin feithicle agus malartú na n-eilimintí sonraí a nochtadh i gcásanna trasteorann, ba cheart í a dhéanamh trí chóras leictreonach aonair. Dá bhrí sin, ag tógáil freisin ar an gcreat teicniúil atá ann cheana, níor cheart cuardach uathoibrithe a dhéanamh ar shonraí clárúcháin feithiclí faoi

---

8 IO C 197, 12.7.2000, lch. 3.

9 Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

10 Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

11 Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

12 Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

13 Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi drochamhras nó do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

14 Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

Threoir (AE) 2015/413 ach amháin trí fheidhmchlár bogearraí an Chórais Eorpaigh Faisnéise maidir le Feithiclí agus Ceadúnais Tiomána (Eucaris), agus trí leaganacha leasaithe de na bogearraí sin. Leis an bhfeidhmchlár sin, ba cheart a bheith in ann sonraí sonracha clárúcháin feithicle a mhalartú go gasta, go costéifeachtach, go slán agus go hiontaofa idir na Ballstáit, agus, dá bhrí sin, mhéadófaí éifeachtúlacht an imscrúdaithe. Ba cheart do na Ballstáit cosc a chur ar mhalartú faisnéise ar bhealaí eile, rud nach mbeadh chomh cost-éifeachtúil agus nach bhféadfaí cosaint na sonraí arna dtarchur a áirithiú leo.

(10) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do na cuardaigh a bheidh le déanamh ag na Ballstáit, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos nósanna imeachta le haghaidh cuardaigh den sórt sin. Mar sin féin, ba cheart bearta idirthréimhseacha maidir le malartú uathoibríoch sonraí clárúcháin feithicle bunaithe ar an gcóras leictreonach atá ann cheana a bheith i bhfeidhm chun malartuithe sonraí gan uaim a ráthú go dtí go dtiocfaidh na rialacha sin i bhfeidhm.

(11) I gcásanna nach féidir an duine faoi dhliteanas a shainaithint leis an gcinnteacht a cheanglaítear le reachtaíocht Bhallstát an chiona bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas ó chlár na bhfeithiclí, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú le chéile chun céannacht an duine faoi dhliteanas a fhionnadh. Chuige sin, ba cheart nós imeachta um chúnamh frithpháirteach a thabhairt isteach a mbeadh sé mar aidhm leis an duine faoi dhliteanas a shainaithint, trí iarraidh ar dheimhniú, ar bhonn faisnéis atá i seilbh Bhallstát an chiona cheana féin, nó trí iarraidh ar údaráis ábhartha Bhallstát an chláraithe nó an Bhallstáit chónaithe fiosrúchán spriocdhírithe a dhéanamh.

(12) Ba cheart do Bhallstát an chláraithe nó don Bhallstát cónaithe an fhaisnéis bhreise arna hiarraidh ag Ballstát an chiona, is é sin an fhaisnéis bhreise is gá chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint, a chur ar fáil laistigh de thréimhse réasúnach ama. Mura féidir an fhaisnéis a bhailiú nó a sholáthar, nó mura féidir sin a dhéanamh gan moill mhíchuí, ba cheart míniú soiléir a thabhairt maidir leis na cúiseanna atá leis sin, agus an mhoill a íoslaghdú a mhéid is féidir.

(13) Na forais ar a bhféadfaidh Ballstát an chláraithe nó an Ballstát cónaithe soláthar cúnaimh fhrithpháirtigh a dhiúltú chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint, ba cheart na forais sin a shainaithint go sonrach. Ba cheart, go háirithe, coimircí a thabhairt isteach ionas nach nochtfar céannacht daoine faoi chosaint, amhail finnéithe faoi chosaint, trí na nósanna imeachta sin.

(14) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit nósanna imeachta náisiúnta a úsáid a ndéanfaidís iad a chur i bhfeidhm i gcás cion a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a bheith déanta ag duine cónaitheach. Ba cheart deimhneacht dhlíthiúil a threisiú maidir le hinfheidhmeacht beart sonrach arna nglacadh faoi na nósanna imeachta sin, eadhon maidir le doiciméid lena gceanglaítear daingniú nó diúltú maidir le déanamh an chiona nó lena bhforchuirtear oibleagáidí ar dhaoine lena mbaineann comhoibriú chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint. Ós rud é gur cheart na héifeachtaí dlíthiúla céanna a bheith ag na bearta sin ar na daoine lena mbaineann agus atá acu i gcásanna intíre, ba cheart na caighdeáin chéanna maidir le cearta bunúsacha agus nós imeachta a bheith ag na daoine sin freisin.

(15) I gcás ina bhforáiltear go sainráite i reachtaíocht an Aontais nó i ndlí náisiúnta na mBallstát rochtain ar fhaisnéis ó bhunachair sonraí náisiúnta eile nó ó bhunachair sonraí eile de chuid an Aontais nó faisnéis uathu a mhalartú chun críocha Threoir (AE) 2015/413, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit faisnéis a mhalartú trí pháirt a

thabhairt do bhunachair sonraí den sórt sin, agus cearta bunúsacha tiománaithe neamhchónaitheacha á n-urramú ag an am céanna.

(16) Tá difríocht idir na Ballstáit faoi láthair maidir leis an sainmhíniú ar cad is litir faisnéise ann i dtaca leis na cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus maidir lena hábhar sa mhéid sin gur féidir dochar a dhéanamh do chearta bunúsacha agus do chearta nós imeachta na ndaoine a bhfuil baint acu leis na nósanna imeachta leantacha arna dtionscnamh ag Ballstát an chiona. Is amhlaidh atá go háirithe i gcásanna ina seoltar amach 'litreacha réamhfhaisnéise', mar a thugtar orthu, nach gcomhlíonann na caighdeáin teanga agus faisnéise a cheanglaítear faoi Threoir (AE) 2015/413. Is iondúil nach mbíonn na daoine a ndéanann na cleachtais sin difear dóibh eolach ar chóras dlí Bhallstát an chiona agus nach labhraíonn siad a theanga oifigiúil ná a theangacha oifigiúla, agus dá bhrí sin ba cheart cosaint níos fearr a thabhairt dá gcearta nós imeachta agus bunúsacha. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart íoscheanglais éigeantacha maidir le hábhar na litreach faisnéise a bhunú agus níor cheart an tsamhail atá ann faoi láthair le haghaidh litir faisnéise nach bhfuil ach faisnéis bhunúsach inti, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2015/413, a úsáid a thuilleadh.

(17) Ar a laghad, ba cheart a áireamh sa litir faisnéise faisnéis mhionsonraithe maidir le haicmiú dlíthiúil agus iarmhairtí dlíthiúla an chiona, go háirithe ós rud é go bhféadfadh na smachtbhannaí i leith na gcionta a chumhdaítear faoi raon feidhme Threoir (AE) 2015/413 a bheith de chineál neamhairgid, amhail srianta a chuirtear ar cheart tiomána an chiontóra. Ba cheart tacú leis an gceart achomhairc freisin trí fhaisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil maidir le cá háit agus conas cearta cosanta a fheidhmiú nó achomharc a thaisceadh i mBallstát an chiona, i dteanga a thuigeann an duine lena mbaineann. Ba cheart tuairisc ar nósanna imeachta *in absentia* a sholáthar freisin nuair is infheidhme, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh sé beartaithe ag an duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas filleadh ar Bhallstát an chiona chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí. Ba cheart roghanna íocaíochta agus bealaí chun méid na smachtbhannaí a mhaolú a bheith intuigthe go héasca freisin chun comhar deonach a dhreasú. Ar deireadh, ós rud é gur cheart gurb í an litir faisnéise an chéad doiciméad a fhaigheann úinéir, sealbhóir nó úsáideoir deiridh na feithicle nó aon duine eile a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas, ba cheart an fhaisnéis a bheith inti faoi Airteagal 13 de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], ar cheart a áireamh inti, de bhun Airteagal 13(2)(d), faisnéis as a dtagann na sonraí pearsanta, agus Airteagail 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16]. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar sa litir faisnéise go díreach nó trí thagairt a dhéanamh don áit ina gcuirtear ar fáil í.

(18) I gcás ina ndéantar daoine neamhchónaitheacha a sheiceáil ar an láthair i rialú bóthair, agus ina dtionscnaítear imeachtaí leantacha mar thoradh ar ghníomhaíocht den sórt sin i ndáil le cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht bóthair a dhéanamh, níor cheart ach

[15] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

[16] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

gnéithe riachtanacha áirithe a bheith sa litir faisnéise, agus ba cheart í a thabhairt don duine lena mbaineann go díreach mar chuid de na nósanna imeachta rialaithe bóithre.

(19) Chun a áirithiú gurb é an duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas an duine a fhaigheann an litir faisnéise agus aon doiciméid leantacha, agus chun rannpháirtíocht earráideach tríú páirtithe nach mbaineann leis a sheachaint, ba cheart rialacha maidir le seirbheáil doiciméad a leagan síos.

(20) I gcás nach féidir doiciméid a sheachadadh trí sheachadadh cláraithe nó trí mhodhanna leictreonacha ar comhionann a luach, ba cheart cead a bheith ag Ballstát an chiona brath ar Bhallstát an chláraithe nó an Bhallstáit chónaithe na doiciméid agus na cumarsáidí a sheirbheáil ar an duine lena mbaineann faoina reachtaíocht náisiúnta féin lena rialaítear seirbheáil doiciméad.

(21) Ba cheart an litir faisnéise agus aon doiciméid leantacha araon a sheoladh i dteanga dhoiciméad clárúcháin na feithicle nó, mura bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil nó más gá chun cearta bunúsacha a chosaint, i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla iomchuí an Bhallstáit chlárúcháin nó chónaithe. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil níos mó ná teanga oifigiúil amháin ag roinnt Ballstát, féadfaidh litreacha faisnéise agus cumarsáidí leantacha eile a bheith mar thoradh ar an oibleagáid sin i dteanga nach dtuigeann an faighteoir. Ionas go gcinnfear teanga iomchuí na litreach faisnéise, ba cheart do na Ballstáit a rogha teanga a chur in iúl don Choimisiún, de réir foranna críochacha má mheastar gur gá sin. Ba cheart don Choimisiún na sainroghanna teanga a léirítear a fhoilsiú. Ba cheart an méid sin a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2010/64/AE, i gcomhréir le hAirteagal 1(3) de.

(22) Ba cheart do Bhallstát an chiona cead a thabhairt don duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas i leith an chiona tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre cumarsáid a dhéanamh, go dtí céim an achomhairc os comhair cúirte, in aon cheann de na teangacha a chuireann Ballstát an chláraithe, an Ballstát cónaithe nó Ballstát an chiona in iúl don Choimisiún, nó, mura bhfuil a dhóthain eolais ag an duine lena mbaineann ar na teangacha sin, i dteanga a labhraíonn nó a thuigeann an duine, chun feidhmiú a gceart nós imeachta a éascú.

(23) Ba cheart athbhreithniú dlíthiúil éifeachtach a chur ar fáil i gcás nach gcomhlíonann údaráis Bhallstát an chiona na caighdeáin teanga agus na rialacha maidir le seirbheáil doiciméad agus a ndlíthe náisiúnta ábhartha.

(24) Chun a áirithiú go gcuirfear pionóis airgeadais i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach comhréireach maidir le cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, ar cionta iad atá faoi réir an dlí phoiblí, níor cheart iallach a chur ar dhaoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas speansais dhlíthiúla agus riaracháin a íoc a bhaineann le riar na bpionós i gcás ina ndéantar an riarachán sin a sheachfhoinsiú chuig eintitis phríobháideacha nó phoiblí. Mar sin féin, ba cheart cead a bheith ag údaráis na mBallstát táillí riaracháin comhréireacha a ghearradh.

(25) Ba cheart raon feidhme na faisnéise a thuairiscíonn na Ballstáit don Choimisiún a leathnú chun go n-áireofaí inti gnéithe a bhfuil dlúthbhaint acu leis an gcuspóir sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, chun a chur ar a chumas don Choimisiún anailís níos fearr a dhéanamh ar staid cúrsaí sna Ballstáit agus tionscnaimh a mholadh ar bhonn fónta fíorasach. Chun an t-ualach riaracháin breise ar údaráis na mBallstát a fhritháireamh agus chun tuairisciú a ailíniú le féilire meastóireachta an Choimisiúin, ba cheart síneadh a chur leis an tréimhse tuairiscithe. Ba cheart idirthréimhse a dheonú

ionas go bhféadfaidh deireadh a bheith leis an tréimhse tuairiscithe leanúnach dhá bhliain gan uaim.

(26) Ós rud é gur sonraí pearsanta iad sonraí a bhaineann le ciontóir a shainaithint de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir (AE) 2016/680, agus gur leasaíodh creat dlíthiúil an Aontais maidir le sonraí pearsanta a láimhseáil go suntasach ó glacadh Treoir (AE) 2015/413, ba cheart na forálacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil nua.

(27) De bhun Airteagal 62(6) de Threoir (AE) 2016/680, tá an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha eile de dhlí an Aontais lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun na gcríoch a leagtar amach in Airteagal 1(1) den Treoir sin, chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leis na gníomhartha sin a ailíniú leis an Treoir sin agus chun na tograí is gá a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, chun na gníomhartha sin a leasú chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le sonraí pearsanta a chosaint laistigh de raon feidhme na Treorach sin. De thoradh an athbhreithnithe sin[17], rinneadh Treoir (AE) 2015/413 a shainaithint mar cheann de na gníomhartha eile sin atá le leasú. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú gur cheart próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gcomhréir freisin le Treoir (AE) 2016/680, i gcás ina dtagann an phróiseáil laistigh dá raon feidhme ábhartha agus pearsanta.

(28) Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta faoi Threoir (AE) 2015/413, ba cheart di Rialachán (AE) 2016/679, Treoir (AE) 2016/680 agus Rialachán (AE) 2018/1725[18] a chomhlíonadh laistigh dá raon feidhme faoi seach.

(29) Leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/413, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(e) agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 8 de Threoir 2016/680, an bunús dlí le haghaidh na ngníomhaíochtaí próiseála is gá chun céannacht an duine faoi dhliteanas a shuíomh agus chun an litir faisnéise agus na doiciméid leantacha a sheachadadh do na daoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas. I gcomhréir leis na rialacha céanna, leagtar síos leis an Treoir seo an bunús dlí d'oibleagáid na mBallstát sonraí pearsanta a phróiseáil chun cúnamh frithpháirteach a thabhairt dá chéile chun na daoine atá faoi dhliteanas i leith na gcionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear sa Treoir seo a shainaithint.

(30) I roinnt Ballstát, déantar sonraí pearsanta neamhchónaitheoirí a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas nó atá faoi dhliteanas i leith cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a stóráil i líonra freastalaithe ('an néal'). Gan dochar do na rialacha maidir le sárú ar shonraí pearsanta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 agus i dTreoir (AE) 2016/680, agus maidir le sárú ar shonraí pearsanta agus teagmhais slándála a leagtar síos i dTreoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], ba

[17] COM(2020) 262 final

[18] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

[19] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022).

cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh siad a chéile ar an eolas faoi theagmhais chibearshlándála a bhaineann leis na sonraí sin.

(31) Ba cheart tairseach ar líne ('Tairseach CBE') a bhunú chun faisnéis chuimsitheach maidir le rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre atá i bhfeidhm sna Ballstáit a sholáthar d'úsáideoirí bóithre san Aontas agus chun deis a thabhairt d'úsáideoirí bóithre cumarsáid a dhéanamh le húdaráis na mBallstát ar bhealach éifeachtach agus slán. Leis an tairseach, ba cheart cumarsáid idir údaráis na mBallstát a éascú maidir le saincheisteanna éagsúla a bhaineann le himscrúdú trasteorann ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, amhail barántúlacht litreacha faisnéise agus doiciméad leantach a fhíorú chun deireadh a chur leis an bhféidearthacht go dtarlódh calaois. Ba cheart na sonraí pearsanta malartaithe a theorannú don mhéid is gá le haghaidh imscrúduithe trasteorann agus forfheidhmiú smachtbhannaí, go háirithe pionóis airgeadais a íoc. Ba cheart Tairseach CBE a bheith in ann nascadh le tairseacha, líonraí, suíomhanna gréasáin nó ardáin ábhartha eile chun malartú faisnéise a éascú maidir le rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú. Ba cheart don Choimisiún a bheith ina rialaitheoir ar Thairseach CBE, i gcomhréir le Rialachán 2018/1725.

(32) Ba cheart don Choimisiún tacaíocht airgeadais chomhréireach a chur ar fáil do thionscnaimh lena bhfeabhsaítear an comhar trasteorann i bhforfheidhmiú rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre san Aontas.

(33) Chun dul chun cinn teicniúil ábhartha nó athruithe ar ghníomhartha dlí ábhartha an Aontais a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo a thabhairt cothrom le dáta trína leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[20]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(34) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Treoir (AE) 2015/413 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na nósanna imeachta agus na sonraíochtaí teicniúla a shonrú, lena n-áirítear bearta cibearshlándála, le haghaidh cuardaigh uathoibrithe atá le déanamh i ndáil le himscrúdú na gcionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, ábhar na foirme leictreonaí caighdeánaí don iarraidh agus modh tarchuir na faisnéise a bhaineann leis an iarraidh ar chúnamh frithpháirteach chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint, ábhar na bhfoirmeacha leictreonacha chun cúnamh frithpháirteach a iarraidh chun an litir faisnéise agus na doiciméid leantacha a sheirbheáil agus chun an deimhniú ábhartha a úsáid agus a chothabháil agus chun an tairseach CBE a úsáid agus a chothabháil. Ba cheart na réitigh theicniúla a ailíniú leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta agus leis na réitigh ábhartha don Eoraip Idir-inoibritheach dá

[20] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

dtagraítear sa Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach)[21]. Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22].

(35) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir (AE) 2015/413 a leasú dá réir.

(36) Cuspóirí na Treorach seo, mar atá ardleibhéal cosanta a áirithiú do gach úsáideoir bóithre san Aontas agus cóir chomhionann do thiománaithe trí nósanna imeachta um chúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit a chuíchóiriú in imscrúdú trasteorann ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus trí chosaint ceart bunúsach neamhchónaitheoirí a neartú i gcás ina ndéantar na cionta le feithicil atá cláraithe i mBallstát eile seachas an Ballstát inar tharla an cion, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na Treorach seo, is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(37) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], agus thug sé tuairim uaidh an [LL/MM/BBBB].

(38) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[24], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir comhpháirteanna de threoir agus codanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir (AE) 2015/413 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear na pointí seo a leanas leis an gcéad fhomhír:

‘(i) gan spás leordhóthanach a fhágáil taobh thiar den fheithicil atá romhat;

---

21 COM(2022) 720 final

22 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

23 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

24 IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

(j) scoitheadh contúirteach;

(k) páirceáil chontúirteach;

(l) líne bhán amháin gan bhriseadh inti nó níos mó a thrasnú;

(m) tiomáint ar threo contráilte;

(n) gan urraim a thabhairt do na rialacha maidir le conairí éigeandála a chruthú agus a úsáid;

(p) feithicil ró-ualaithe a úsáid.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as na forálacha seo a leanas de ghníomhartha dlí an Aontais:

(a) Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle;

(b) Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

(c) na nósanna imeachta maidir le seirbheáil doiciméad a leagtar síos in Airteagal 5 den Choinbhinsiún arna bhunú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh**;

(d) na forálacha maidir le cearta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe a leagtar síos i dTreoracha 2010/64/AE***, 2012/13/AE****, 2013/48/AE*****, (AE) 2016/343******, (AE) 2016/800******* agus (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle********.

____

* Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

** IO C 197, 12.7.2000, lch. 3.

*** Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

**** Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

**** Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

***** Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

****** Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

******* Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).';

(2) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

'(j) ciallaíonn 'úsáid lána toirmiscthe' cuid de chuid de bhóthar buan nó sealadach atá ann cheana a úsáid go neamhdhleathach, amhail lána iompair phoiblí nó lána atá dúnta go sealadach ar chúiseanna brú tráchta nó oibreacha bóthair, mar a shainmhínítear i ndlí Bhallstát an chiona';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l):

'(l) ciallaíonn 'pointe teagmhála náisiúnta' údarás inniúil arna ainmniú chun críocha na Treorach seo';

(c) cuirtear isteach pointí (o) go (z) mar a leanas:

'(o) ciallaíonn 'gan spás leordhóthanach a fhágáil ón bhfeithicil atá romhat' gan an t-achar is gá a choinneáil chun imbhualadh leis an bhfeithicil os comhair na feithicle atá á tiomáint ag an tiománaí a sheachaint, dá mba rud é go raibh an fheithicil roimhe sin le moilliú nó le stopadh go tobann, mar a shainmhínítear i ndlí Bhallstát an chiona;

(p) ciallaíonn 'scoitheadh contúirteach' feithicil eile nó úsáideoir bóithre eile a scoitheadh ar bhealach a sháraíonn na rialacha is infheidhme maidir le scoitheadh contúirteach i mBallstát an chiona;

(q) ciallaíonn 'páirceáil chontúirteach' feithicil a pháirceáil ar bhealach a sháraíonn na rialacha is infheidhme maidir le páirceáil chontúirteach i mBallstát an chiona. Ní mheasfar gur páirceáil chontúirteach é gan táillí páirceála a íoc agus cionta comhchosúla eile;

(r) ciallaíonn 'líne bhán amháin nach bhfuil briseadh inti nó níos mó a thrasnú' athrú lánaí leis an bhfeithicil trí líne bhán amháin ar a laghad nach bhfuil briseadh inti a thrasnú go neamhdhleathach, mar a shainmhínítear i ndlí Bhallstát an chiona;

(s) ciallaíonn 'tiomáint ar threo contráilte' feithicil a thiomáint i gcoinne treo tráchta ainmnithe, mar a shainmhínítear i ndlí Bhallstát an chiona;

(t) ciallaíonn 'gan urraim a thabhairt do na rialacha maidir le conairí éigeandála a chruthú agus a úsáid' neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le lána sealadach idir feithiclí a chruthú agus a úsáid chun críoch éigeandála, agus chuige sin amháin, lána nach mór do na tiománaithe é a bhunú chun go bhféadfaidh feithiclí seirbhíse éigeandála, amhail feithiclí póilíneachta, feithiclí tarrthála nó trucailí dóiteáin, dul tríd an láthair éigeandála agus teacht go dtí an láthair éigeandála, mar a shainmhínítear i ndlí Bhallstát an chiona;

(u) ciallaíonn 'feithicil ró-ualaithe a úsáid' feithicil a úsáid nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos dá meáchain údaraithe uasta, mar a leagtar síos sna dlíthe, sna rialacháin nó sna forálacha riaracháin náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 96/53/CE* ón gComhairle*, nó i ndlí Bhallstát an chiona i gcás feithiclí nó oibríochtaí nach bhfuil aon cheanglas den sórt sin leagtha síos sa Treoir sin ina leith;

(v) ciallaíonn 'litir faisnéise' an chéad chumarsáid a fhaigheann na daoine dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 5(1), cibé acu an cinneadh riaracháin nó breithiúnach nó aon doiciméad eile é arna sheoladh ag Ballstát an chiona nó aon eintiteas a bhfuil sé de chumhacht aige déanamh amhlaidh faoina dhlí, arna heisiúint go dtí céim an achomhairc os comhair cúirt inniúil agus ina bhfuil, ar a laghad, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(2);

(w) ciallaíonn 'doiciméid leantacha' cinntí riaracháin nó breithiúnacha nó aon doiciméad eile a eisíonn Ballstát an chiona, nó aon eintiteas a dtugtar an chumhacht dó sin a dhéanamh faoina dhlí, tar éis na litreach faisnéise a bhaineann leis an litir sin nó leis an gcion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre atá i gceist, go dtí céim an achomhairc os comhair cúirt inniúil;

(x) ciallaíonn 'duine faoi dhliteanas' an duine atá faoi dhliteanas i leith cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1), i gcomhréir le dlí náisiúnta Bhallstát an chiona;

(y) ciallaíonn 'úsáideoir deiridh' aon duine nádúrtha nach úinéir ná sealbhóir na feithicle é lena ndearnadh ceann de na cionta a liostaítear in Airteagal 2(1), ach a bhí ag úsáid na feithicle sin go dleathach, go háirithe faoi chonradh léasa nó cíosa fadtéarma nó mar chuid de fhlít feithiclí atá ar fáil d'fhostaithe;

(z) ciallaíonn 'Ballstát cónaithe' aon Bhallstát ar féidir glacadh leis go feadh leibhéal réasúnta cinnteachta gurb é áit ghnáthchónaithe na ndaoine dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 5(1) é.

____

* Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta don trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta don trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe i mbun cúrsaíocht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59).';

(3) cuirtear an tAirteagal 3a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 3a*

**Pointí teagmhála náisiúnta**

1. Chun críocha an mhalartaithe faisnéise faoin Treoir seo, ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta. Déanfar cumhachtaí na bpointí teagmhála náisiúnta a rialú leis an dlí infheidhme de chuid an Bhallstáit lena mbaineann.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh a bpointí teagmhála náisiúnta faoi seach i gcomhar leis na húdaráis a bhfuil baint acu le himscrúdú na gcionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1), go háirithe chun a áirithiú go roinnfear an fhaisnéis uile is gá in am trátha, agus go gcomhlíonfar na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 4a(5) agus in Airteagal 5a(2).';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

*'Airteagal 4*

**Nósanna imeachta le haghaidh malartú faisnéise idir na Ballstáit**

1. Chun imscrúdú a dhéanamh ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1), deonóidh na Ballstáit rochtain ar na sonraí clárúcháin feithicle náisiúnta a leanas do phointí teagmhála náisiúnta na mBallstát eile, maille leis an gcumhacht cuardaigh uathoibrithe a dhéanamh orthu:

(a) sonraí a bhaineann le feithiclí;

(b) sonraí a bhaineann le húinéirí, le sealbhóirí nó le húsáideoirí deiridh na bhfeithiclí i gcás ina bhfuil siad ar fáil.

Is iad na heilimintí sonraí a leagtar amach san Iarscríbhinn na heilimintí sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), a bhfuil gá leo chun cuardach a dhéanamh.

Agus cuardach á dhéanamh i bhfoirm iarraidh amach, úsáidfidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona uimhir chlárúcháin iomlán.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na heilimintí sonraí a liostaítear i Roinn 2, Cuid I, Cuid II agus Cuid IV den Iarscríbhinn ar fáil agus cothrom le dáta ina gcláir náisiúnta feithiclí.

3. Coinneoidh na Ballstáit na heilimintí sonraí dá dtagraítear i Roinn 2, Cuid IV agus, nuair a bheidh fáil orthu, Roinn 2, Cuid V den Iarscríbhinn, sna cláir náisiúnta feithiclí ar feadh 6 mhí ar a laghad tar éis aon mhodhnú ar úinéireacht nó ar úsáid na feithicle i gceist.

4. Cuirfidh na Ballstáit an teachtaireacht 'Faisnéis nár nochtadh' ar ais in ionad na n-eilimintí sonraí a iarradh sna cásanna seo a leanas:

(a) scriosadh an fheithicil;

(b) níl cláruimhir iomlán na feithicle curtha ar fáil sa chuardach a rinneadh i bhfoirm iarraidh amach faoi mhír 1;

(c) tá cláruimhir iomlán na feithicle a cuireadh ar fáil sa chuardach a rinneadh i bhfoirm iarraidh amach faoi mhír 1 as dáta nó mícheart.

Tabharfaidh na Ballstáit an teachtaireacht 'Feithicil nó pláta clárúcháin goidte' ar ais in ionad na n-eilimintí sonraí arna n-iarraidh i gcás ina dtaifeadtar go bhfuil an fheithicil nó an pláta clárúcháin feithicle goidte sna cláir náisiúnta feithiclí.

5. Chun sonraí clárúcháin feithicle a chuardach go huathoibríoch, úsáidfidh na Ballstáit feidhmchlár bogearraí saincheaptha an Chórais Eorpaigh Faisnéise maidir le Feithiclí agus Ceadúnais Tiomána (Eucaris), agus leaganacha leasaithe de na bogearraí sin.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an cuardach uathoibrithe ar shonraí clárúcháin feithiclí ar bhealach slán, costéifeachtúil, gasta agus iontaofa, agus go ndéanfar é trí mhodhanna idir-inoibritheacha laistigh de struchtúr díláraithe.

Leis na bogearraí, déanfar foráil maidir le mód malartaithe fíor-ama ar líne agus mód malartaithe baisceanna araon, rud a fhágann gur féidir il-iarrataí nó freagraí a mhalartú laistigh d'aon teachtaireacht amháin. Déanfar an fhaisnéis a mhalartófar trí Eucaris a tharchur i bhfoirm chriptithe.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na nósanna imeachta agus na sonraíochtaí teicniúla a bhunú, lena n-áirítear bearta cibearshlándála le haghaidh na gcuardach uathoibrithe a dhéanfar faoin Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10a(2).

7. Go dtí go dtiocfaidh na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo chun bheith infheidhme, déanfar na cuardaigh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir leis na nósanna imeachta a thuairiscítear i gCaibidil 3, pointe 2 agus pointe 3, den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB*, arna gcur i bhfeidhm go comhpháirteach leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

8. I gcás gach Ballstáit, is orthu féin a bheidh na costais a thiocfaidh as riarachán, úsáid agus cothabháil na bhfeidhmchlár bogearraí dá dtagraítear i mír 5.

* Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12).';

(5) cuirtear na hAirteagail 4a, 4b agus 4c seo a leanas isteach:

*'Airteagal 4 a*

**Cúnamh frithpháirteach chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint**

1. Tabharfaidh na Ballstáit cúnamh frithpháirteach dá chéile más rud é, bunaithe ar thorthaí an chuardaigh uathoibrithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4(1), nach féidir leis an mBallstát ina ndearnadh an cion an duine faoi dhliteanas a shainaithint go feadh leibhéal riachtanach cinnteachta de réir a reachtaíochta náisiúnta chun na himeachtaí leantacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1) a thionscnamh nó a sheoladh.

2. Déanfaidh Ballstát an chiona cinneadh i dtaobh cúnamh frithpháirteach a iarraidh chun an fhaisnéis bhreise dá dtagraítear i mír 3, an dara fomhír, a fháil. Ní fhéadfaidh ach údarás riaracháin nó breithiúnach, nó an t-údarás póilíneachta atá inniúil sa chás lena mbaineann, an iarraidh a eisiúint i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit sin.

3. I gcás ina gcinneann Ballstát an chiona cúnamh frithpháirteach a iarraidh i gcomhréir le mír 1, cuirfidh a phointe teagmhála náisiúnta iarraidh a bheidh struchtúrtha agus sínithe go leictreonach chuig pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chlárúcháin nó an Bhallstáit chónaithe.

Féadfar a iarraidh ar Bhallstát an chláraithe nó ar an mBallstát cónaithe:

(a) a dheimhniú, ar bhonn faisnéise atá ina sheilbh cheana féin, gur féidir glacadh leis go réasúnta cinnte gurb é úinéir, sealbhóir nó úsáideoir deiridh na feithicle, nó aon duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas i leith ceann de na cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1), an duine a bhfuil taifead amhairc déanta air ag trealamh braite Bhallstát an chiona;

(b) a iarraidh ar úinéir, ar shealbhóir nó ar úsáideoir deiridh na feithicle, nó ar aon duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas ceann de na cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1) faisnéis a

sholáthar faoi chéannacht an duine faoi dhliteanas, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.

4. I gcás ina bhfaighidh Ballstát an chláraithe nó an Ballstát cónaithe iarraidh dá dtagraítear i mír 3, baileoidh sé an fhaisnéis a iarradh, ach amháin má chinneann sé ceann de na forais don diúltú a liostaítear i mír 7 a agairt nó mura féidir an fhaisnéis a iarradh a bhailiú. Déanfaidh Ballstát an chláraithe nó an Ballstát cónaithe an fhaisnéis a iarradh a tharchur go leictreonach gan moill mhíchuí trína phointe teagmhála náisiúnta chuig pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona.

Sa chás dá dtagraítear i bpointe (b) den dara fomhír de mhír 3, iarrfaidh Ballstát an chláraithe nó an Ballstát cónaithe an fhaisnéis i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme amhail is gur ordaigh a údaráis féin an beart imscrúdaitheach lena mbaineann, seachas i gcás ina gcinneann sé ceann de na forais maidir le diúltú a liostaítear i mír 7 a agairt.

Comhlíonfaidh Ballstát an chláraithe agus an Ballstát cónaithe na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta arna n-iarraidh go sainráite ag Ballstát an chiona, agus an fhaisnéis bhreise á bailiú acu, a mhéid nach bhfuil siad ar neamhréir lena reachtaíocht náisiúnta.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh siad an fhaisnéis a iarradh ar fáil gan aon mhoill mhíchuí ón iarraidh a fháil.

I gcás nach féidir an fhaisnéis a bhailiú gan moill mhíchuí ón iarraidh a fháil, déanfaidh pointí teagmhála náisiúnta Bhallstát an chláraithe nó an Bhallstáit chónaithe an fhaisnéis sin a tharchur chuig Ballstát an chiona a luaithe is féidir, mar aon le míniú leordhóthanach ar na cúiseanna atá leis an moill.

I gcás inar léir nach mbeidh Ballstát an chláraithe nó an Ballstát cónaithe in ann an fhaisnéis a iarradh ar fad nó cuid di a bhailiú, cuirfidh sé míniú mionsonraithe ar na cúiseanna atá leis sin in iúl láithreach do Bhallstát an chiona.

6. Féadfaidh na Ballstáit iarrtha foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta um réamhbhailíochtú riaracháin nó breithiúnach chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a iarradh riachtanach agus comhréireach chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint, go háirithe agus cearta daoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas á gcur san áireamh.

7. Féadfaidh na Ballstáit diúltú an fhaisnéis bhreise a iarradh a chur ar fáil i gcomhréir le mír 3. Ní dhéanfaidh siad amhlaidh ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) má tá díolúine nó pribhléid ann faoi dhlí Bhallstát an chláraithe nó an Bhallstáit chónaithe, rud a fhágann nach féidir an fhaisnéis a sholáthar;

(b) más rud é go mbeadh soláthar na faisnéise a iarradh in aghaidh an phrionsabail *ne bis in idem*;

(c) go ndéanfadh soláthar na faisnéise a iarradh dochar do leasanna slándála náisiúnta bunriachtanacha, foinse na faisnéise a chur i mbaol nó faisnéis rúnaicmithe a bhaineann le gníomhaíochtaí sonracha faisnéise a úsáid;

(d) go bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh soláthar na faisnéise a iarradh ar neamhréir le hoibleagáidí Bhallstát an chláraithe nó le hoibleagáidí an Bhallstáit chónaithe i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chonradh

ar an Aontas Eorpach agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

(e) dá gcuirfí an fhaisnéis a iarradh ar fáil, nochtfaí céannacht duine atá faoi chosaint i gcomhréir le dlí náisiúnta Bhallstát an chláraithe nó an Bhallstáit chónaithe;

(f) i gcás ina ndéanfaidh Ballstát an chláraithe nó an Ballstát cónaithe foráil maidir le nós imeachta um réamhbhailíochtú riaracháin nó breithiúnach dá dtagraítear i mír 6, ach nár bhailíochtaigh Ballstát an chiona an iarraidh sular tarchuireadh í agus, bunaithe ar imthosca an cháis ar leith, ní mheastar an fhaisnéis a iarradh a bheith riachtanach agus comhréireach chun an duine dliteanach a shainaithint.

Cinnfidh na Ballstáit a luaithe is féidir, ach ar a dhéanaí laistigh de 15 lá tar éis dóibh an iarraidh a fháil, an agraíonn siad foras le diúltú. Na Ballstáit a chinneann foras le diúltú a chur i bhfeidhm, cuirfidh siad an Ballstát ar an eolas faoin gcion trína phointe teagmhála náisiúnta, gan aon mhoill mhíchuí.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leigheasanna dlí atá coibhéiseach leo siúd atá ar fáil i gcás intíre comhchosúil, infheidhme maidir leis an gcás dá dtagraítear i mír 3, an dara fomhír, pointe (b).

9. Féadfaidh pointí teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona, Bhallstát an chláraithe agus an Bhallstáit chónaithe dul i gcomhairle le chéile, trí aon mhodh iomchuí, d'fhonn cur i bhfeidhm éifeachtúil an Airteagail seo a éascú.

10. Déanfar an iarraidh dá dtagraítear i mír 2 a chur in iúl i dteanga nó i gceann de theangacha Bhallstát an chláraithe nó an Bhallstáit chónaithe ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 5a(8).

Déanfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil mar fhreagra ar an iarraidh in iúl i dteanga nó i gceann de theangacha Bhallstát an chiona, teanga ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 5a(8).

11. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun sonrú breise a dhéanamh ar ábhar na foirme caighdeánaí leictreonaí don iarraidh, na modhanna chun an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 a tharchur, agus feidhmiúlachtaí agus sonraíochtaí teicniúla an fheidhmchláir bogearraí le haghaidh malartú sonraí, lena n-áirítear bearta cibearshlándála. Leis na sonraíochtaí bogearraí, déanfar foráil maidir le mód malartaithe aisioncronach ar líne agus mód malartaithe aisioncronach baisce, chomh maith le tarchur na n-eilimintí sonraí i bhfoirm chriptithe.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh san fhoirm leictreonach chaighdeánach don iarraidh:

(a) an cinneadh riaracháin nó breithiúnach maidir le bailíochtú na faisnéise a iarradh, dá dtagraítear i mír 6, agus sonraí faoin údarás a rinne an cinneadh, más infheidhme;

(b) eilimintí sonraí a bhaineann le húinéirí, sealbhóirí nó úsáideoirí deiridh na bhfeithiclí a fuarthas mar thoradh ar an gcuardach uathoibrithe a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4(1);

(c) má tá sé ar fáil, fístaifeadadh den duine faoi dhliteanas a aisghabhadh as trealamh braite, go háirithe ceamaraí luais.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10a(2).

*Airteagal 4b*

**Bearta náisiúnta lena n-éascaítear sainaithint an duine faoi dhliteanas**

1. Féadfaidh na Ballstáit aon bheart a dhéanamh maidir leis na cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1) faoina reachtaíocht náisiúnta, chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint go rathúil, amhail bearta a bhaineann leis an oibleagáid comhoibriú chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint, ar choinníoll go n-urramaítear cearta bunúsacha agus cearta nós imeachta faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.

2. I gcomhréir le mír 1, féadfaidh na Ballstáit, go háirithe:

(a) doiciméid a sheirbheáil ar dhaoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas maidir leis na cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht bóithre a liostaítear in Airteagal 2(1) a dhéanamh, lena n-áirítear doiciméid ina n-iarrtar ar na daoine sin a ndliteanas a dheimhniú;

(b) oibleagáidí a chur i bhfeidhm ar dhaoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas agus atá ábhartha chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint, a mhéid is féidir.

*Airteagal 4c*

**Bunachair sonraí eile a úsáid**

'Féadfaidh na Ballstáit sonraí a mhalartú nó rochtain a fháil orthu trí bhunachair sonraí eile a úsáid amhail cláir ceadúnas tiomána nó cláir daonra chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint agus chun na críche sin amháin. Ní dhéanfaidh siad amhlaidh ach amháin a mhéid atá malartú nó rochtain den sórt sin bunaithe go sainráite ar reachtaíocht an Aontais.'

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*'Airteagal 5*

**Litir faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre**

1. Cinnfidh Ballstát an chiona cé acu a thionscnóidh nó nach dtionscnóidh sé imeachtaí leantacha i ndáil leis na cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1).

I gcás ina gcinnfidh Ballstát an chiona imeachtaí den sórt sin a thionscnamh, déanfaidh an Ballstát sin an duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas a chur ar an eolas go pras faoin gcion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus faoin gcinneadh imeachtaí leantacha a thionscnamh le litir faisnéise.

Féadfar an litir faisnéise a úsáid chun críoch eile seachas na críocha a leagtar amach sa dara fomhír.

2. Áireofar sa litir faisnéise an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) an léiriú go bhfuil an litir á heisiúint chun críocha na Treorach seo;

(b) ainm, seoladh poist, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an údaráis inniúil;

(c) gach faisnéis ábhartha maidir leis an gcion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, go háirithe sonraí maidir leis an bhfeithicil lena ndearnadh an cion,

lena n-áirítear cláruimhir na feithicle, áit, dáta agus am an chiona, cineál an chiona, tagairt mhionsonraithe do na forálacha dlíthiúla a sáraíodh agus, i gcás inarb iomchuí, sonraí maidir leis an bhfeiste a úsáideadh chun an cion a bhrath;

(d) faisnéis mhionsonraithe maidir le haicmiú dlíthiúil an chiona tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, na smachtbhannaí is infheidhme agus iarmhairtí dlíthiúla eile an chiona tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le dícháiliúcháin ón tiomáint (lena n-áirítear pointí pionóis nó srianta eile arna bhforchur ar an gceart tiomána), i gcomhréir le dlí náisiúnta Bhallstát an chiona;

(e) faisnéis mhionsonraithe maidir le cá háit agus conas cearta cosanta a fheidhmiú nó achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh an cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht bóthair a leanúint, lena n-áirítear na ceanglais maidir le hinghlacthacht achomhairc den sórt sin agus an teorainn ama chun an t-achomharc a thaisceadh, agus cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag na coinníollacha i nósanna imeachta *in absentia*, agus cad iad na coinníollacha sin, i gcomhréir le dlí náisiúnta Bhallstát an chiona;

(f) i gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir leis na nósanna imeachta do na daoine dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, den Airteagal seo chun údaráis Bhallstát an chiona a chur ar an eolas faoi chéannacht an duine faoi dhliteanas i gcomhréir le hAirteagal 4b;

(g) i gcás inarb infheidhme, faisnéis mhionsonraithe maidir le hainm, seoladh agus Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN) an údaráis inar féidir pionós airgeadais forchurtha a íoc, an spriocdháta don íocaíocht agus maidir le modhanna íocaíochta malartacha, go háirithe feidhmchláir shonracha bogearraí, fad agus a bheidh rochtain ag cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí araon ar na modhanna sin;

(h) faisnéis faoi na rialacha cosanta sonraí is infheidhme, faoi chearta na n-ábhar sonraí agus faoi infhaighteacht faisnéise breise nó tagairt don áit inar féidir an fhaisnéis sin a aisghabháil go héasca de bhun Airteagal 13 de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena n-áirítear faisnéis as a dtagann na sonraí pearsanta, nó Airteagal 13 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(i) i gcás inarb infheidhme, faisnéis mhionsonraithe maidir le cé acu is féidir nó nach féidir na smachtbhannaí i leith na gcionta a liostaítear in Airteagal 2(1) a mhaolú agus conas iad a mhaolú, lena n-áirítear maolú trí phionós airgeadais a íoc go luath;

(j) i gcás inarb infheidhme, léiriú soiléir gur ionadaí é an t-eintiteas príobháideach nó poiblí a sheolann é, arna chumhachtú ag Ballstát an chiona i gcomhréir le hAirteagal 5b agus dealú glan idir na méideanna airgid a éilítear, bunaithe ar a bhforas dlíthiúil.

3. De mhaolú ar mhír 2, áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inar tiománaí neamhchónaitheach é an duine faoi dhliteanas a seiceáladh ar an láthair i rialú bóthair, go mbeidh na sonraí a liostaítear i mír 2, pointí (c), (d), (e) agus (g) ar a laghad sa litir faisnéise.

4. Arna iarraidh sin do na daoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas, áiritheoidh Ballstát an chiona go dtabharfar rochtain ar an bhfaisnéis ábhartha uile atá i seilbh na

n-údarás inniúil chun imscrúdú a dhéanamh ar chion a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1).

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh tús na dteorainneacha ama do neamhchónaitheoirí chun a gcearta achomhairc a fheidhmiú nó chun smachtbhannaí a mhaolú, i gcomhréir le pointe (e) agus pointe (i) de mhír 2, ag teacht leis an dáta a gheofar an litir faisnéise.'

(7) Cuirtear na hAirteagail 5a agus 5b seo a leanas isteach:

*'Airteagal 5 a*

**Seirbheáil na litreach faisnéise agus na ndoiciméad leantach**

1. Seolfaidh na Ballstáit an litir faisnéise agus na doiciméid leantacha chuig na daoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas trí sheachadadh cláraithe nó trí mhodhanna leictreonacha ar comhionann a luach i gcomhréir le Caibidil III, Roinn 7 de Rialachán (AE) 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, nó sa chás dá dtagraítear in Airteagal 5(3) den Rialachán seo, tabharfaidh siad an litir faisnéise go díreach chuig an duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go seolfar an litir faisnéise tráth nach déanaí ná mí amháin ón uair a chláraítear cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht bóthair a liostaítear in Airteagal 2(1), nó i gcás inar gá níos mó litreacha faisnéise a sheoladh le linn an imscrúdaithe, 15 lá ón teagmhas a d'fhág gur ghá na litreacha faisnéise ina dhiaidh sin a sheoladh.

Áiritheoidh na Ballstáit go seolfar aon doiciméad leantach eile laistigh de 15 lá ón teagmhas a d'fhág gur gá iad a sheoladh.

3. Féadfaidh Ballstát an chiona an litir faisnéise nó na doiciméid leantacha a sheoladh chuig na daoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas trí údaráis Bhallstát an chlárúaithe nó an Bhallstáit chónaithe, sna cásanna seo a leanas:

(a) nach eol seoladh an duine a bhfuil an doiciméad beartaithe dó, go bhfuil sé neamhiomlán nó éiginnte;

(b) leis na rialacha nós imeachta faoi dhlí náisiúnta Bhallstát an chiona, ceanglaítear cruthúnas gur seirbheáladh an doiciméad, seachas cruthúnas ar féidir é a fháil trí sheachadadh cláraithe nó trí mhodhanna leictreonacha coibhéiseacha;

(c) nárbh fhéidir an doiciméad a sheirbheáil trí sheachadadh cláraithe nó trí mhodhanna leictreonacha coibhéiseacha;

(d) go bhfuil cúiseanna a bhfuil údar leo ag Ballstát an chiona lena mheas go mbeidh seirbheáil an doiciméid trí sheachadadh cláraithe nó trí mhodhanna leictreonacha coibhéiseacha sa chás áirithe sin neamhéifeachtach nó míchuí.

4. Féadfaidh údarás riaracháin nó breithiúnach, nó an t-údarás póilíneachta atá inniúil sa chás lena mbaineann, an iarraidh chun tús a chur leis an nós imeachta um chúnamh frithpháirteach dá dtagraítear i mír 3 a eisiúint i gcomhréir le dlí náisiúnta Bhallstát an chiona.

Déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona an litir faisnéise nó na doiciméid leantacha a bhfuil sé beartaithe iad a sheirbheáil a tharchur chuig pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chláraithe nó an Bhallstáit chónaithe, mar aon le hiarraidh leictreonach struchtúrtha.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an litir faisnéise agus na doiciméid leantacha atá le seirbheáil i gcomhréir le mír 3 a sheirbheáil i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, nó i gcás ina bhfuil údar cuí leis, ar mhodh ar leith arna iarraidh sin ag Ballstát an chiona, seachas i gcás ina bhfuil an modh sin ar neamhréir lena ndlí náisiúnta.

6. Áiritheoidh Ballstát an chláraithe nó an Ballstát cónaithe go ndéanfaidh a phointe teagmhála náisiúnta deimhniú leictreonach a tharraingt suas agus go seolfaidh sé é chuig pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona sna cásanna seo a leanas:

(a) le cur i gcrích na bhfoirmiúlachtaí maidir leis an litir faisnéise nó na doiciméid leantacha a sheirbheáil i gcomhréir le mír 3,

(b) i gcás nach n-éiríonn leis an seachadadh.

I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát an chiona é, beidh cóip de na doiciméid a sheirbheálfar ag gabháil leis an deimhniú.

7. Déanfar an iarraidh dá dtagraítear i mír 4 a chur in iúl i dteanga nó i gceann de theangacha Bhallstát an chlárúaithe nó an Bhallstáit chónaithe ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún, i gcomhréir le mír 8. Déanfar an deimhniú dá dtagraítear i mír 6 a chur in iúl i dteanga Bhallstát an chiona, teanga ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún, i gcomhréir le mír 8.

8. I gcás ina gcinneann Ballstát an chiona imeachtaí leantacha a thionscnamh maidir leis na cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1), seolfaidh an Ballstát sin an litir faisnéise agus na doiciméid leantacha i dteanga dhoiciméad clárúcháin na feithicle.

I gcás nach bhfuil teanga dhoiciméad clárúcháin na feithicle ar fáil, nó i gcás ina bhfuil amhras réasúnach ann faoi cé acu a chomhlíonfadh nó nach gcomhlíonfadh seoladh na litreach faisnéise nó na ndoiciméad leantach i dteanga dhoiciméad clárúcháin na feithicle cosaint chearta bunúsacha an duine lena mbaineann, seolfar an litir faisnéise agus na doiciméid leantacha i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla Bhallstát an chláraithe nó Bhallstát cónaithe an duine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas.

I gcásanna a chumhdaítear leis an dara fomhír den mhír seo, i gcás ina bhfuil roinnt teangacha oifigiúla i mBallstát an chláraithe nó sa Bhallstát cónaithe, seolfar na litreacha faisnéise agus na doiciméid leantacha i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an réigiúin nó na foroinne geografaí eile ina bhfuil seoladh na ndaoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas suite, nó i dteanga eile ar chuir an Ballstát sin in iúl go nglacfadh sé léi.

Cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún aon teanga oifigiúil de chuid an Aontais inar féidir an litir faisnéise a sheoladh, agus í miondealaithe más gá de réir réigiún nó foranna geografacha eile. Cuirfidh an Coimisiún liosta na dteangacha inghlactha ar fáil ar an tairseach ar líne dá dtagraítear in Airteagal 8.

9. Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar do na daoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas cumarsáid a dhéanamh le húdaráis an Bhallstáit ina ndearnadh an cion, go dtí céim an achomhairc os comhair cúirte, in aon cheann de na teangacha a chuireann Ballstát an chláraithe nó an Ballstát cónaithe in iúl don Choimisiún nó do Bhallstát an chiona i gcomhréir le mír 8, nó, mura bhfuil eolas leordhóthanach ag an duine lena mbaineann ar na teangacha sin, i dteanga de chuid an Aontais a labhraíonn nó a thuigeann an duine.

10. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cáilíocht aistriúcháin na litreach faisnéise agus na ndoiciméad leantach ar a laghad den chaighdeán a leagtar síos in Airteagal 3(9) de Threoir 2010/64/AE.

11. Áiritheoidh Ballstát an chiona go bhféadfaidh cúirt, binse nó institiúid chomhchosúil an litir faisnéise agus na doiciméid leantacha a sheirbheáiltear ar na daoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas a athbhreithniú go héifeachtach agus go tapa, agus an chumhacht aici cinntí atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh, arna iarraidh sin d'aon duine a bhfuil leas dlíthiúil dílsithe aige i dtoradh na nósanna imeachta arna dtionscnamh faoi Airteagal 5, ar an bhforas nach gcomhlíonann na doiciméid sin an tAirteagal seo.

12. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun sonrú breise a dhéanamh ar ábhar foirmeacha leictreonacha don iarraidh dá dtagraítear i mír 4 agus ar ábhar an deimhnithe dá dtagraítear i mír 6, agus feidhmiúlachtaí agus sonraíochtaí teicniúla an fheidhmchláir bogearraí le haghaidh malartú sonraí, lena n-áirítear bearta cibearshlándála. Leis na sonraíochtaí bogearraí, déanfar foráil maidir le mód malartaithe aisioncronach ar líne agus mód malartaithe aisioncronach baisce. Déanfar na sonraí a tharchur trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht chriptiúcháin úrscothach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10a(2).

*Airteagal 5b*

**Éilimh airgeadais eintiteas dlíthiúil arna gcumhachtú ag na Ballstáit**

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina dtugann siad de chumhacht d'eintiteas príobháideach nó poiblí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach shainiúil aige na himeachtaí leantacha nó cuid díobh arna dtionscnamh faoi Airteagal 5(1) a riar, lena n-áirítear pionóis airgeadais a fhorfheidhmiú, nach mbeidh na daoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas faoi réir mhuirir an eintitis sin a bhaineann le speansais dhlíthiúla agus riaracháin arna dtabhú trí na himeachtaí sin a riar. Tá an méid sin gan dochar do cheart údaráis na mBallstát táillí riaracháin comhréireacha a ghearradh.

---

* Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).';

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 6, 7 agus 8:

'*Airteagal 6*

**Tuairisciú agus faireachán**

1. Ar a dhéanaí ar na dátaí seo a leanas: 6 Bealtaine 2024, 6 Bealtaine 2026 (…), seolfaidh gach Ballstát tuarascáil chuimsitheach chuig an gCoimisiún i gcomhréir leis an dara agus an tríú fomhír den mhír seo.

Léireofar i ngach tuarascáil chuimsitheach líon na gcuardach uathoibrithe a rinne Ballstát an chiona, líon na gcuardach a díríodh chuig pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chláraithe, tar éis cionta a rinneadh ar a chríoch, mar aon le cineál na gcionta ar seoladh iarrataí ina leith agus líon na n-iarrataí ar theip orthu.

Ina theannta sin, áireofar i ngach tuarascáil chuimsitheach tuairisc ar an staid ar an leibhéal náisiúnta i ndáil leis an obair leantach maidir le cionta tráchta a bhaineann le

sábháilteacht ar bhóithre, agus í bunaithe ar chionmhaireacht na gcionta arna leanúint le litreacha faisnéise.

2. Faoin [*ceithre bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*], agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh gach Ballstát tuarascáil chuig an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo.

3. Léireofar sa tuarascáil líon na gcuardach uathoibrithe a rinne Ballstát an chiona i gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus a díríodh chuig pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chláraithe, tar éis cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1) a rinneadh ar a chríoch, mar aon le cineál na gcionta ar seoladh iarrataí ina leith agus líon struchtúrtha na n-iarrataí ar theip orthu de réir an tsóirt teipthe. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith bunaithe ar na sonraí a sholáthraítear trí Eucaris.

Áireofar sa tuarascáil freisin tuairisc ar an staid ar an leibhéal náisiúnta i ndáil leis an obair leantach a rinneadh ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Sonrófar an méid seo a leanas ar a laghad sa tuairisc:

(a) líon iomlán na gcionta tráchta cláraithe a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1) a braitheadh go huathoibríoch nó gan an duine faoi dhliteanas a shainaithint ar an láthair;

(b) líon na gcionta tráchta cláraithe a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1) a rinneadh le feithiclí atá cláraithe i mBallstát seachas an Ballstát inar tharla an cion agus a braitheadh go huathoibríoch nó gan an duine faoi dhliteanas a shainaithint ar an láthair;

(c) líon na dtrealamh braite uathoibríoch atá fosaithe nó inbhainte, lena n-áirítear ceamaraí luais;

(d) líon na bpionós airgeadais arna n-íoc go deonach ag neamhchónaitheoirí;

(e) líon na n-iarrataí ar chúnamh frithpháirteach a tharchuirtear go leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 4a(3) agus líon na n-iarrataí sin i gcás nár soláthraíodh an fhaisnéis;

(f) líon na n-iarrataí ar chúnamh frithpháirteach a tharchuirtear go leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 5a(4) agus líon na n-iarrataí sin i gcás nárbh fhéidir na doiciméid a sheirbheáil.

4. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na tuarascálacha arna seoladh ag na Ballstáit agus cuirfidh sé an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 10a ar an eolas faoina bhfuil iontu tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó na tuarascálacha a fháil ó na Ballstáit uile.

*Airteagal 7*

**Oibleagáidí breise**

Gan dochar d'oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2016/679, faoi Threoir (AE) 2016/680 agus faoi Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, cuirfidh na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi theagmhais chibearshlándála, a dtugtar fógra ina leith de bhun Airteagal 10 de Threoir (AE) 2022/2555, i gcás ina mbaineann na teagmhais le sonraí a stóráiltear i néalta nó i seirbhísí néalríomhaireachta fíorúla nó fisiciúla.

*Airteagal 8*

**Tairseach le haghaidh malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (‘Tairseach CBE)**

1. Déanfaidh an Coimisiún Tairseach CBE ar líne a bhunú agus a choinneáil ar bun, déanfaidh sé í a chur ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais agus í tiomnaithe do na nithe seo a leanas:

(a) faisnéis a roinnt le húsáideoirí bóithre faoi na rialacha atá i bhfeidhm sna Ballstáit sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo, go háirithe rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, nósanna imeachta achomhairc, smachtbhannaí arna gcur i bhfeidhm, agus na scéimeanna agus na modhanna atá ar fáil chun pionóis airgeadais a íoc;

(b) malartú faisnéise agus idirghníomhaíochtaí eile idir pointí teagmhála náisiúnta agus údaráis ábhartha eile na mBallstát le chéile agus le húsáideoirí eile bóithre, go háirithe trí rochtain a thabhairt ar fheidhmchláir shonracha de chuid na mBallstát lena n-éascaítear forfheidhmiú smachtbhannaí, lena n-áirítear pionóis airgeadais a íoc, i gcás inarb infheidhme. D’fhéadfaí a áireamh leis sin sonraí clárúcháin feithicle a mhalartú agus na sonraí faoi dhaoine a thoimhdítear a bheith faoi dhliteanas nó faoi dhliteanas i leith cionta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Airteagal 2(1).

2. Tabharfar rochtain ar Thairseach CBE do na pointí teagmhála náisiúnta agus d’údaráis ábhartha eile atá inniúil i sainaithint na ndaoine faoi dhliteanas agus i bhforfheidhmiú trasteorann rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre sna Ballstáit.

3. Cuideoidh na Ballstáit le húsáideoirí bóithre barántúlacht na litreacha faisnéise agus na ndoiciméad leantach a fhíorú. Chun na críche sin, roinnfidh na Ballstáit le chéile agus leis an gCoimisiún trí Thairseach CBE teimpléid na litreacha faisnéise agus na ndoiciméad leantach arna n-eisiúint ag a n-údaráis agus a úsáidtear i gcásanna trasteorann. Cuirfidh na Ballstáit a chéile ar an eolas freisin faoi na húdaráis agus na heintitis dhlítheanacha chumhachtaithe a bhfuil sé de cheart acu na litreacha agus na doiciméid sin a eisiúint. Ba cheart don Choimisiún a bheith ina rialaitheoir ar Thairseach CBE, i gcomhréir le Rialachán 2018/1725**.

4. Beidh Tairseach CBE comhoiriúnach leis an gcomhéadan a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** agus le tairseacha nó ardáin eile a bhfuil cuspóir comhchosúil acu, amhail an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

5. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis atá cothrom le dáta ar fáil dá chéile agus don Choimisiún, chun críocha an Airteagail seo, agus déanfaidh siad idirghníomhú le húsáideoirí bóithre ar bhonn rialta trí Thairseach CBE.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun na sonraíochtaí teicniúla is gá a bhunú, lena n-áirítear bearta cibearshlándála, chun Tairseach CBE a úsáid agus a chothabháil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10a (2).

____

* Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus

Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

** Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*** Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012, (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 1).'

(9) Cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 8a*

**Tacaíocht airgeadais do chomhar trasteorann i ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin**

Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht airgeadais ar fáil do thionscnaimh a rannchuidíonn le comhar trasteorann i bhforfheidhmiú rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre san Aontas, go háirithe malartú dea-chleachtas, cur i bhfeidhm modheolaíochtaí agus teicnící forfheidhmithe cliste sna Ballstáit, méadú ar fhothú acmhainneachta na n-údarás forfheidhmiúcháin agus feachtais ardaithe feasachta maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin trasteorann.'

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

'*Airteagal 9*

**Gníomhartha tarmligthe**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 chun an Iarscríbhinn a leasú lena tabhairt cothrom le dáta i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil nó i gcás ina gceanglaítear sin le gníomhartha dlí an Aontais atá ábhartha go díreach maidir leis an Iarscríbhinn a thabhairt cothrom le dáta.'

(11) Cuirtear an tAirteagal 10 a seo a leanas isteach:

*'Airteagal 10 a*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

________

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).';

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

'*Airteagal 11*

**Tuairisciú ag an gCoimisiún**

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo ag na Ballstáit tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 6(2) a fháil ó na Ballstáit uile.'

(13) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn I;

(14) Scriostar Iarscríbhinn II.

*Airteagal 2*

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoi [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 maidir le malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a éascú

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Iompar, sábháilteacht ar bhóithre

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[73]

☒ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh seo feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre trí rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí ar bhonn trasteorann.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an tionscnaimh:

- Comhlíontacht tiománaithe neamhchónaitheacha le rialacha tráchta breise a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú;

- Nósanna imeachta um chúnamh frithpháirteach a chuíchóiriú idir na Ballstáit maidir leis an imscrúdú trasteorann ar chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre;

- Cosaint ceart bunúsach ciontóirí neamhchónaitheacha a neartú, lena n-áirítear ailíniú le rialacha nua an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Beidh an tionscnamh ina rannchuidiú leis an gcuspóir ginearálta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú san Aontas trí rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr i gcás ciontóirí neamhchónaitheacha a éalaíonn smachtbhannaí go minic. Meastar go mbeidh tionchar an-dearfach aige i dtéarmaí beatha daoine a shábháil agus gortuithe a sheachaint (sábhálfar 384 duine agus seachnófar 21 405 gortú).

[73] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Leathnófar raon feidhme an togra chun cionta tráchta eile a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a chuimsiú, amhail gan spás leordhóthanach a fhágáil taobh thiar den fheithicil atá romhat, scoitheadh contúirteach, páirceáil chontúirteach, líne bhán/línte bána a thrasnú, tiomáint ar threo contráilte nó i lána éigeandála, agus feithicil ró-ualaithe a thiomáint. Tríd an raon feidhme a leathnú chun na cionta sin a chuimsiú, meastar go dtiocfaidh méadú 2 % in 2025 ar líon na gcionta a bhraitear i gcoibhneas leis an mbonnlíne agus, dá bhrí sin, le linn na tréimhse measúnaithe ar fad.

Sa lá atá inniu ann, teipeann ar thart ar 20 % de na himscrúduithe a dhéantar ar chionta a rinneadh le feithiclí atá cláraithe ar an gcoigríoch mar gheall ar shaincheisteanna teicniúla, amhail faisnéis chruinn a bheith ar fáil i gcláir náisiúnta feithiclí agus an duine atá faoi dhliteanas a shainaithint. Meastar go mbeidh méadú ar an líon imscrúduithe a dhéanfar go rathúil mar thoradh ar an togra. Tugtar isteach leis bearta beartais atá dírithe ar ábhar na gclár feithiclí a fheabhsú agus ar an malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmiúcháin atá cheana. Anuas ar na bearta sin, áirítear leis nósanna imeachta imscrúdaithe leantacha saincheaptha bunaithe ar mhalartú leictreonach faisnéise sonraí amhail fianaise amhairc chun an duine faoi dhliteanas a shainaithint ar bhealach níos fearr. Ceadaítear leis freisin dualgas úinéir/shealbhóir na feithicle comhoibriú le húdaráis forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm chun an tiománaí/ciontóir iarbhír a shainaithint, i gcomhréir le dlí náisiúnta na mBallstát.

Tá an togra ina rannchuidiú le forfheidhmiú trasteorann smachtbhannaí a fheabhsú, toisc go mbeidh tionchar dearfach ag bearta arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar imscrúdú agus ar shainaithint an duine atá faoi dhliteanas ar líon na gcionta a ndéantar imscrúdú rathúil orthu agus, dá bhrí sin, trí chóir chomhionann a thabhairt do thiománaithe ar rátaí forfheidhmiúcháin níos airde.

Leis an togra, tugtar isteach bearta chun feabhas a chur ar chosaint ceart bunúsach tiománaithe neamhchónaitheacha chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis uile is gá faoi imeachtaí riaracháin nó coiriúla sa litir faisnéis nó sna doiciméid leantacha arna n-eisiúint ag údaráis forfheidhmiúcháin maidir leis an gcion, go mbeidh an fhaisnéis sin scríofa i dteanga a thuigeann na tiománaithe agus gur féidir barántúlacht na ndoiciméad sin a fhíorú.

Ar deireadh, is é is aidhm don togra feabhas a chur ar fhorfheidhmiú trasteorann rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ar bhonn na hidirghabhála atá ann cheana. Fágann sé sin go bhfuil roinnt beart sa chás bunlíne cheana chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a sainaithníodh. Is bearta teicniúla den chuid is mó iad na bearta a áirítear sa togra agus is comhlánú iad ar na rialacha atá ann cheana, cé go nglactar leis nach rogha indéanta é comhchuibhiú na gcóras dlí náisiúnta, lena n-áirítear nósanna imeachta atá mar bhonn le himscrúdú trasteorann cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus le forfheidhmiú trasteorann smachtbhannaí i leith cionta den sórt sin, rud a d’fhéadfadh sciar na n-imscrúduithe rathúla a mhéadú.

Mar gheall ar an leathnú atá beartaithe a dhéanamh ar raon feidhme an togra agus mar gheall ar imscrúdú trasteorann simplithe cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, rud atá saincheaptha chun cionta a cháilítear go minic mar chionta riaracháin agus digitithe a bhrath ar mhórscála trí thairseach shonrach TF agus ardáin shonracha TF a chruthú, beifear in ann tuilleadh cionta a imscrúdú go rathúil agus, dá bhrí sin, saoirse ciontóirí neamhchónaitheacha ó phionós a laghdú. Dá bhrí sin, déanfaidh tiománaithe neamhchónaitheacha a n-iompraíocht ar na

bóithre a oiriúnú. Meastar go mbeidh níos lú cionta mar thoradh air sin le feithiclí atá cláraithe ar an gcoigríoch i gcoibhneas leis an gcás bunlíne.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na táscairí feidhmíochta seo a leanas a bhaineann le cur chun feidhme agus éifeachtacht chur i bhfeidhm an tionscnaimh/na hidirghabhála (Airteagal 6 den togra):

- líon iomlán na gcionta tráchta cláraithe a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre faoi raon feidhme na Treorach, cionta a bhraitear go huathoibríoch nó gan an duine faoi dhliteanas a shainaithint ar an láthair;

- líon na gcionta tráchta cláraithe a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre faoi raon feidhme na Treorach, a dhéantar le feithiclí atá cláraithe i mBallstát eile seachas an Ballstát ina ndearnadh an cion agus a bhraitear go huathoibríoch nó gan an duine atá faoi dhliteanas a shainaithint ar an láthair;

- an líon trealaimh braite uathoibríoch atá fosaithe nó inbhainte, amhail ceamaraí luais;

- líon na bpionós airgeadais arna n-íoc go deonach ag neamhchónaitheoirí;

- líon na n-iarrataí a tarchuireadh go leictreonach faoin nós imeachta um chúnamh frithpháirteach (imscrúdú leantach) agus líon na n-iarrataí sin nár cuireadh an fhaisnéis ar fáil ina leith;

- líon na n-iarrataí a tarchuireadh go leictreonach maidir le seirbheáil doiciméad agus líon na n-iarrataí sin i gcás nárbh fhéidir na doiciméid a sheirbheáil.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ní leagtar amach aon cheanglas sonrach nár mhór a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma. Mar sin féin, sa ghearrthéarma, meastar go dtiocfaidh laghdú nach beag ar shaoirse ciontóirí neamhchónaitheacha ó phionós mar gheall ar an tionscnamh agus, an tráth céanna, cuirfear leis an Treoir atá i bhfeidhm faoi láthair a bhí ina rannchuidiú mór lena n-anaithnideacht a bhaint. San fhadtéarma, tá sé beartaithe go dtiocfaidh laghdú níos feiceálaí ar thimpistí a bhaineann le básanna ar bhóithre agus le gortuithe tromchúiseacha, timpistí lena mbaineann tiománaithe neamhchónaitheacha.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Tá breisluach an tionscnaimh cosúil le breisluach AE na Treorach atá i bhfeidhm faoi láthair. Leis na comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha atá ann cheana (amhail Comhaontú CBE Fhóram Salzburg), ní bheifí in ann an leibhéal céanna

éifeachtachta a bhaint amach agus a bheifí in ann leis an Treoir chun deireadh a chur le saoirse ciontóirí neamhchónaitheacha ó phionós agus cóir chomhionann a áirithiú do gach úsáideoir bóithre. Léiríodh sa mheastóireacht a rinneadh ar an Treoir gur ghá na céadta comhaontuithe déthaobhacha a shíniú dá mba mhian leis na Ballstáit na torthaí céanna a bhaint amach trí chomhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích, rud as a dtiocfadh castacht ollmhór agus d'fhéadfadh sé go mbeadh neamhréireachtaí ann dá bharr, agus bheadh costais shuntasacha ar na riaracháin náisiúnta sa deireadh. Dá bhrí sin, is féidir an breisluach a bhaineann le gníomhaíocht an Aontais a mheas ó thaobh na héifeachtúlachta de, ós rud é go bhforáiltear le creat aonair maidir le héifeachtúlacht níos airde.

Ní féidir aghaidh a thabhairt ar easnaimh na Treorach atá i bhfeidhm faoi láthair – go háirithe a heaspa éifeachtachta – ach amháin trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Is le hionstraim de chuid an Aontais amháin is féidir rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmiú ar bhonn comhsheasmhach éifeachtúil trasteorann ar fud an Aontais.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Fuarthas amach sa mheastóireacht ar an Treoir atá i bhfeidhm faoi láthair go raibh tionchar dearfach aici maidir le deireadh a chur le hanaithnideacht na gciontóirí a rinne cion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ar an gcoigríoch, toisc go ndearnadh imscrúdú le himeacht ama ar líon méadaitheach cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre arna ndéanamh ag neamhchónaitheoirí. Mar sin féir, níl bearta na Treorach atá i bhfeidhm faoi láthair leordhóthanach chun deireadh a chur lena saoirse ó phionós. In 2015, ní dhearnadh imscrúdú ar thart ar 50 % de na cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre arna ndéanamh ag neamhchónaitheoirí a braitheadh agus níor cuireadh i bhfeidhm go rathúil thart ar 50 % de na pionóis airgeadais i leith na gcionta sin a ndearnadh imscrúdú orthu. Níor forfheidhmíodh beagnach gach cion inar dhiúltaigh ciontóirí pionóis airgeadais a íoc, i.e. ba íocaíochtaí deonacha a bhí i gceist go bunúsach leis na pionóis a forfheidhmíodh go rathúil.

Is iad na deacrachtaí a bhaineann le comhar idir na Ballstáit i dtaca le himscrúdú cionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus forfheidhmiú smachtbhannaí tar éis sonraí clárúcháin feithicle a mhalartú, go háirithe i gcás ina gcuirtear córais éagsúla um dliteanas dlíthiúil i bhfeidhm, an príomh-mhíniú air sin. Mar sin féin, ba chosúil go raibh ag éirí leis an gcomhar sin idir na Ballstáit a thug comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha i gcrích lena gcomhlánaítear dlí an Aontais.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an t-athbhreithniú atá beartaithe ar Threoir CBE comhsheasmhach le reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Déantar tagairt ann do Threoir 1999/37/CE ón gComhairle maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí i ndáil le haicmiú eilimintí sonraí clárúcháin feithicle; leathnaítear leis raon feidhme Threoir CBE chun go gcumhdófar an cion maidir le feithicil ró-ualaithe a úsáid agus, dá bhrí sin, beidh dlúthnasc aici le cur i bhfeidhm Threoir 96/53/CE ón gComhairle maidir le meáchain údaraithe uasta agus toisí údaraithe uasta feithiclí; comhlánaítear leis an Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána trí úsáid sonraí pearsanta ó chláir ceadúnas tiomána a cheadú chun imscrúdú trasteorann a dhéanamh ar

chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, ciontóirí a chur ar an eolas faoi smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm a dhéanann difear dá gceart feithicil a thiomáint agus an duine atá faoi dhliteanas i leith cionta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a shainaithint. Tá an togra comhsheasmhach freisin le tacar níos leithne d'ionstraimí dlíthiúla agus de thionscnaimh leanúnacha atá ann cheana ar leibhéal an Aontais i réimse an chomhair póilíneachta agus ceartais, nach mór a chur san áireamh i ndáil leis an tionscnamh seo, cuir i gcás nósanna imeachta imscrúdaithe trasteorann atá i bhfeidhm faoi láthair faoin gCoinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, faoin Ordú Imscrúdaithe Eorpach agus faoi Chinntí Prüm a bhfuil athbhreithniú á ndéanamh orthu faoi láthair.

Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú i dtaca le forfheidhmiú trasteorann rialacha tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, bunaítear pacáiste caibidlíochta, ina bhfuil trí thionscnamh – chomh maith leis an togra seo le haghaidh treoir lena leasaítear Treoir CBE, tá togra ann freisin le haghaidh treoir nua maidir le ceadúnais tiomána (a chuirfí in ionad Threoir 2006/126/CE maidir le ceadúnais tiomána) agus togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin áirithe ón tiomáint.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Na costais aonuaire in 2025 agus na costais leanúnacha choigeartúcháin an Choimisiúin go dtí 2050, baineann siad go príomha le bunú an chórais TF chun tacú le hidirghníomhaíochtaí idir údaráis/eagraíochtaí rialtais, daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha in imeachtaí riaracháin agus coiriúla trasteorann. Cuirfidh feidhmiúlacht faisnéise na tairsí tiomnaithe TF leis an tairseach atá ann cheana atá á bainistiú ag an gCoimisiún (Going Abroad) agus, tríd an gcóras sin a nuashonrú, bhainfí an úsáid is fearr is féidir as an eagraíocht reatha agus as na hacmhainní atá infheistithe go dtí seo. Ní gá acmhainní daonna a mhéadú chun an córas TF a bhunú.

### 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2025 go 2027,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

### 1.7. An modh/na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[74]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| Chun an togra a chur chun feidhme, is gá córas TF nua a bhunú agus a choinneáil ar bun. Leis an gcóras sin, ba cheart líonraí de chórais náisiúnta TF agus de phointí rochtana idir-inoibritheacha atá ann cheana a nascadh, ar líonraí iad a oibríonn faoi fhreagracht agus faoi bhainistiú aonair gach Ballstáit, chun malartú trasteorann slán |

[74] Tá mionsonraí ar na modhanna cur chun feidhme an bhuiséid agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin BUDGpedia: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx

iontaofa faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a áirithiú. Saineoidh an Coimisiún réitigh iomchuí TF i ngníomhartha cur chun feidhme, lena n-áirítear an dearadh/ailtireacht agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh tairseach dhigiteach thiomnaithe agus córais leictreonacha thiomnaithe (ardán/ardáin comhéadain) chun córais náisiúnta a idirnascadh chun an fhaisnéis a mhalartú, ar féidir leis na Ballstáit í a úsáid. Meastar go mbeidh trí phríomhghné costais (arna ríomh mar ghlanluach reatha) sna costais choigeartúcháin don Choimisiún, mar a leanas:

- na costais neamh-athfhillteacha (costais aonuaire) in 2025 a thabhófar tríd an malartú faisnéise idir na Ballstáit maidir le fíorú na litreach faisnéise agus na ndoiciméad leantach tríd an tairseach thiomnaithe TF a meastar gur EUR 405 000 a bheidh iontu;

- meastar go mbeidh costais choigeartúcháin neamh-athfhillteacha (costais aonuaire) EUR 70 000 ann in 2025 a thabhófar tríd an tairseach thiomnaithe TF a bhunú;

- costais choigeartúcháin leanúnacha (an tairseach thiomnaithe TF a fhorbairt, a choinneáil ar bun agus tacú léi) a meastar gur EUR 50 000 a bheidh iontu in aghaidh na bliana, ar costais iad atá beartaithe chun faisnéis a mhalartú ar bhealach níos idirghníomhaí idir údaráis forfheidhmiúcháin na mBallstát agus údaráis saoránach/úsáideoirí bóithre, ní hamháin maidir leis na rialacha tráchta is infheidhme a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre atá i bhfeidhm (suíomh gréasáin ‘Going Abroad’ de chuid an Choimisiúin atá ann faoi láthair), ach maidir le scéimeanna smachtbhannaí agus nósanna imeachta achomhairc is infheidhme freisin.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Maidir leis na cúraimí a dhéanfaidh AS MOVE go díreach, leanfaidh siad timthriall bliantúil na pleanála agus an fhaireacháin, arna chur chun feidhme sa Choimisiún agus sna gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, lena n-áirítear na torthaí a thuairisciú trí Thuarascáil Bhliantúil AS MOVE ar Ghníomhaíochtaí.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme agus éifeachtacht chur i bhfeidhm an tionscnaimh/na hidirghabhála trí tháscairí sonracha a thuairisciú (Airteagal 6 den togra) lena n-áirítear, mar shampla, líon na n-iarrataí uathoibrithe amach/isteach a rinne an Ballstát ina ndearnadh an cion agus a díríodh chuig an mBallstát ina bhfuil an fheithicil cláraithe, nó líon na gcionta tráchta cláraithe a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a bhraitear go huathoibríoch nó gan an duine faoi dhliteanas a shainaithint ar an láthair agus a dhéantar le feithiclí atá cláraithe ar an gcoigríoch, nó maidir leis an líon trealaimh seiceála uathoibríoch (e.g. ceamaraí luais), nó maidir le pionóis airgeadais arna n-íoc go deonach ag neamhchónaitheoirí.

Cuirtear síneadh le tréimhse tuairiscithe nua na mBallstát ó 2 bhliain, mar atá ann faoi láthair, go 4 bliana, rud a chuireann i gcomhréir í le féilire meastóireachta an Choimisiúin agus a laghdaíonn an t-ualach riaracháin ar údaráis náisiúnta. Tá an t-ardán/na hardáin TF ceaptha chun tiomsú uathoibríoch sonraí a éascú trí ghnéithe tuairiscithe sonracha.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Is é an t-aonad laistigh d'Ard-Stiúrthóireacht MOVE atá i gceannas ar an réimse beartais a dhéanfaidh cur chun feidhme na Treorach a bhainistiú, i gcomhar le haonaid agus le hArd-Stiúrthóireachtaí ábhartha eile.

Cuirfear an caiteachas chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, agus forálacha an Rialacháin Airgeadais á gcur i bhfeidhm ina n-iomláine. Sa straitéis rialaithe maidir le soláthairtí agus deontais in AS MOVE, cuimsítear rialuithe *ex ante* sonracha dlíthiúla, oibríochtúla agus airgeadais ar na nósanna imeachta (lena n-áirítear, i gcás soláthairtí, athbhreithniú ag an gcoiste comhairleach um sholáthar agus conarthaí) agus, chomh maith leis sin, ar shíniú conarthaí agus comhaontuithe. Ina theannta sin, beidh caiteachas arna dhéanamh chun earraí agus seirbhísí a sholáthar faoi réir rialuithe *ex ante* agus, nuair is gá, faoi réir rialuithe *ex post* agus airgeadais.

#### *2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Riosca an-íseal. Cuirfidh an tairseach thiomnaithe TF leis an suíomh gréasáin 'Going Abroad' atá ann cheana (https://ec.europa.eu/transport/road_safety/going_abroad/index_en.htm) agus déanfar é a uasghrádú le bheith níos idirghníomhaí agus feidhmiúlachtaí breise a chur ar fáil. Tá na rioscaí sainaitheanta nasctha le húsáid nósanna imeachta soláthair: moill, infhaighteacht sonraí, faisnéis thráthúil don mhargadh, etc. Cumhdaítear na rioscaí

sin faoin Rialachán Airgeadais agus maolaítear iad leis an tacar de rialuithe inmheánacha a chuir AS MOVE chun úsáide le haghaidh soláthar ar an scála sin luacha.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Baineann an méadú iarrtha buiséadach le bunú an chórais TF agus lena choinneáil ar bun. Maidir leis na gníomhaíochtaí rialaithe a bhaineann leis na córais TF arna bhforbairt nó arna mbainistiú ag an stiúrthóireacht atá freagrach as an togra, déanann an coiste stiúrtha TF faireachán tráthrialta ar bhunachair sonraí na stiúrthóireachta agus ar an dul chun cinn atá déanta, agus simpliú agus cost-éifeachtúlacht acmhainní TF an Choimisiúin á gcur san áireamh.

Tuairiscíonn AS MOVE go bliantúil, ina Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí, ar an gcostas a bhaineann le rialú a chuid gníomhaíochtaí. An phróifíl riosca agus costas na rialuithe ar ghníomhaíochtaí soláthair, tá siad i gcomhréir leis na ceanglais.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frith-Chalaoise.*

Bheadh feidhm ag bearta coisctheacha agus cosanta an Choimisiúin maidir leis an méid seo a leanas, go sonrach:

- déanann foireann an Choimisiúin seiceáil ar íocaíochtaí le haghaidh aon seirbhís sula n-íoctar iad, agus aon oibleagáid chonarthach, prionsabal eacnamaíoch agus dea- chleachtas airgeadais nó bainistíochta á gcur san áireamh. Áireofar forálacha frith-chalaoise (maoirseacht, ceanglais tuairisciúcháin, etc.) sna comhaontuithe agus sna conarthaí uile a thugtar i gcrích idir an Coimisiún agus faighteoirí aon íocaíochtaí;

- chun calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, beidh feidhm gan srian ag forálacha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

Ina theannta sin, ghlac AS MOVE Straitéis Frith-Chalaoise athbhreithnithe in 2020. Tá Straitéis Frith-Chalaoise AS MOVE bunaithe ar Straitéis Frith-Chalaoise an Choimisiúin agus ar mheasúnú riosca sonrach arna dhéanamh go hinmheánach chun na réimsí is leochailí ó thaobh calaoise de a shainaithint, maille leis na rialuithe atá i bhfeidhm cheana agus na bearta atá riachtanach chun feabhas a chur ar chumas AS MOVE calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú.

Áirithítear leis na forálacha conarthacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin, lena n-áirítear OLAF, iniúchtaí agus seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, agus úsáid á baint as na forálacha caighdeánacha atá molta ag OLAF.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[75]. | ó thíortha de chuid CSTE[76] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[77] | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 01 | 02 20 04 01 | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN. | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

75 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

76 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

77 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos. Ní bheidh gá le leithreasuithe breise. Déanfar na méideanna is gá chun an tionscadal a mhaoiniú a imscaradh an athuair ó na leithreasuithe atá cláraithe cheana sa chlárú airgeadais oifigiúil faoi na míreanna sonracha buiséid.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 01 | An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha |
|---|---|---|

| AS: MOVE | | | Bliain **2025**[78] | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028** | **Bliain 2029+** | **IOMLÁN (2025 – 2050)** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid[79] 02 20 04 01 | Gealltanais | (1a) | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | | |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[80] | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | | |

78 Is í 2025 an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

79 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

80 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS MOVE** | Gealltanais | =1a+1b +3 | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b +3 | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | | | | | | 0,051 |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |

**<u>Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:</u>**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |
| IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+ 6 | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na 'sonraí buiséid de chineál riaracháin' atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis na rialacha inmheánacha le haghaidh chur chun feidhme roinn an Choimisiúin de bhuiséad ginearálta an Aontais), Iarscríbhinn a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críoch comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028** | **Bliain 2029+** | **IOMLÁN 2025- - 2050** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: <…….> | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS** <…….> | Leithreasuithe | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028** | **Bliain 2029+** | **IOMLÁN 2025-- 2050** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |
| | Íocaíochtaí | 0,525 | 0,050 | 0,051 | 0,051 | 0,051 | **1,531** |

### *3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ⇩ | Cineál[81] | Meán chostas | Níl | Costas | Níl | Costas | Níl | Costas | Níl | Costas | Níl | Costas | Níl | Costas | Níl | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[82]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

81 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

82 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[83] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7**[84] **den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

83 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

84 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[85] | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [86] - sa Cheanncheathrú | | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [86] - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 12 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

[85] AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[86] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Déanfar na méideanna is gá chun an tionscadal a mhaoiniú a imscaradh an athuair ó líne bhuiséid 02.200401.. |

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid. |

– ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N**[87] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

[87] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– [X] Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[88] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

88 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.